



An Bhruiséil, 13 Meitheamh 2018
(OR. en)

10084/18

**Comhad Idirinstitiúideach:
2018/0254 (COD)**

POLMIL 80
COMPET 452
RECH 286
CFSP/PESC 565
CSDP/PSDC 331
COPS 208
EUMC 102
ECOFIN 620
IND 168
MI 463
EMPL 329
EDUC 255
CADREFIN 101
CODEC 1058
IA 201

TOGRA

ó:	Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	13 Meitheamh 2018
chuig:	Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2018) 476 final
Ábhar:	Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear an Ciste Eorpach Cosanta

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2018) 476 final ón gCoimisiún.

Faoi iamh: COM(2018) 476 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 13.6.2018
COM(2018) 476 final

2018/0254 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena mbunaítear an Ciste Eorpach Cosanta

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

{SEC(2018) 314 final} - {SWD(2018) 345 final}

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

• Forais agus cuspóirí

Tá athrú as cuimse tagtha ar chomhthéacs geopholaitiúil an Aontais le deich mbliana anuas. Tá cúrsaí míshocair sna réigiúin máguaird agus tá timpeallacht dhúshlánach roimh an Aontas ina bhfuil bagairtí nua, amhail cibear-ionsaithe agus ionsaithe hibrídeacha, ag teacht chun cinn agus ina bhfuil dúshlán níos traidisiúnta ag teacht ar ais.

Tá saoránaigh an Aontais agus a gceannairí polaitiúla ar aon intinn gur cheart do na Ballstáit tuilleadh freagrachta a ghlacadh as a slándáil féin le chéile. Sa dearbhú comhpháirteach a rinneadh sa Róimh an 25 Márta 2017, thug ceannairí ó 27 mBallstát agus an Chomhairle Eorpach, Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún Eorpach le fios go neartóidh an tAontas a chomhbheartas slándála agus cosanta agus go gcothóidh sé tionscal cosanta atá níos iomaíche agus níos comhtháite.

I dtionscal cosanta na hEorpa, tá neamhéifeachtúlachtaí margaidh suntasacha a bhaineann le barainneachtaí scála nach mbaintear leas astu (ilroinnt margaidí náisiúnta le ceannaitheoir aonair) agus le dubailt acmhainní ar an leibhéal náisiúnta. Is ó na Ballstáit amháin a thagann an t-éileamh ar fad nach mór ach le deich mbliana anuas rinneadh ciorruithe móra ar a mbuiséid chosanta náisiúnta, go háirithe i dtaca le taighde agus forbairt. Cé go raibh comharthaí dearfacha ann le déanaí maidir le cobhsú agus méadú ar an gcistiú cosanta náisiúnta, tá gá le hiarrachtaí suntasacha breise chun éifeachtúlacht na n-infheistíochtaí sin a uasmhéadú. Ag an am céanna, tá ardú tagtha ar chostas trealamh cosanta, go háirithe trealamh taighde agus forbartha, ach tá an comhar idir na Ballstáit maidir le hinfheistíochtaí i dtrealamh taighde agus forbartha agus i dtrealamh cosanta fós teoranta. In 2015, níor táirgeadh ach 16 % de threalamh cosanta trí sholáthar comhoibríoch Eorpach, figiúr atá i bhfad faoi bhun an tagarmhairc choitinn 35 % arna chomhaontú faoi chuimsiú na Gníomhaireachta Eorpaí um Chosaint (GEC). Maidir leis an gcéim níos luaithe den taighde cosanta, ní raibh sciar measta an chomhoibríthe Eorpaigh ach ag 7.2 %, i gcomparáid leis an tagarmharc 20 %.

Léirítear na treochothaí sin sna deacrachtaí atá roimh an earnáil, deacrachtaí atá suntasach i gcás na dtionscadal taighde agus forbartha cosanta. Tá costas ard ar fhorbairt fréamhshamlacha go háirithe agus tá riosca mór ann go dteipfidh ar an gcineál forbartha sin. Chomh maith leis sin, tá rioscaí suntasacha teicniúla agus airgeadais i gceist leis an mbearna chontúirteach idir an chéim thaighde agus an chéim forbartha a dhúnadh agus féadfaidh sé nach mbeidh fonn ar na Ballstáit astu féin na rioscaí sin a sheasamh.

Den chuid is mó, tá an earnáil ilroinnte thar theorainneacha náisiúnta, agus tá dubailtí suntasacha ann as a n-eascaíonn neamhéifeachtúlachtaí i dtaca le gan a bheith in ann leas a bhaint as barainneachtaí scála agus foghlama. D'ainneoin an mheascáin de chostais mhéadaitheacha agus de bhuiséid chosanta atá seasta nó ag laghdú, is saincheistanna a bhaineann leis na Ballstáit go príomha iad an phleanáil, caiteachas taighde agus forbartha agus cothabháil agus soláthar trealamh, agus is an-teoranta an comhar atá ar siúl idir na Ballstáit ina leith. Níl cúrsaí mar atá faoi láthair inbhuanaithe agus tá sé ag éirí níos deacra i rith an ama ar na Ballstáit astu féin mórchóras cosanta don todhchaí a fhorbairt.

Leis an easpa comhair sin idir na Ballstáit, lagaítear cumas thionscal cosanta an Aontais a thuilleadh i dtaca le cothú na n-acmhainní tionsclaíocha agus teicneolaíocha is gá chun

neamhspleáchas straitéiseach an Aontais a chaomhnú agus chun freastal ar a riachtanais slándála reatha agus ar na riachtanais a bheidh ann amach anseo. Mar fhreagairt air sin, tá roinnt tionscnamh déanta ag an gCoimisiún le déanaí chun tacú le comhar níos fearr i réimse na cosanta.

An 7 Meitheamh 2017, i gcomhréir leis an aitheasc faoi Staid an Aontais a thug an tUachtarán Juncker in 2016, ghlac an Coimisiún Teachtaireacht lenar seoladh an Ciste Eorpach Cosanta¹ ina bhfuil “colúin” le haghaidh taighde agus acmhainní. In éineacht leis an Teachtaireacht bhí togra reachtach le haghaidh Rialachán lena mbunaítear an Clár Eorpach Forbartha Tionscal i réimse na Cosanta faoi cholún na n-acmhainní.

Moladh cur chuige dhá chéim, lena n-áirítear:

- tréimhse tástála tosaigh faoi chreat airgeadais ilbhliantúil 2014-2020 ina dtacófar le taighde cosanta comhoibríoch faoi Réamhbheart maidir le Taighde Cosanta, fad a chómhaoineofar tionscadail taighde chomhoibríocha faoin gClár Eorpach Forbartha Tionscal i réimse na Cosanta atá beartaithe, agus
- ciste tiomnaithe faoi chreat airgeadais ilbhliantúil 2021-2027 lena méadaítear an cistiú le haghaidh taighde comhoibríoch ar tháirgí agus ar theicneolaíochtaí cosanta nuálacha agus le haghaidh na gcéimeanna ina dhiaidh sin den timthriall forbartha, lena n-áirítear forbairt fréamhshamlacha.

Is é atá i gceist leis an togra seo an Ciste Eorpach Cosanta a bhunú faoi chreat airgeadais ilbhliantúil 2021-2027.

Tá sé beartaithe gur ionstraim é an Ciste Eorpach Cosanta chun iomaíochas agus nuálaíocht bhonn teicneolaíoch agus tionsclaíoch cosanta na hEorpa a chothú agus, ar an dóigh sin, cuirfear le neamhspleáchas straitéiseach an Aontais. Is é is aidhm don Chiste tús a chur le cláir chomhoibritheacha nach dtarlódh gan rannchuidiú ón Aontas agus, trí thacú le gníomhaíochtaí taighde agus forbartha, na dreasachtaí is gá a chur ar fáil chun borradh a chur faoin gcomhar ag gach céim den timthriall tionsclaíoch.

Spreagfar, go háirithe, tionscadail chomhoibríocha ina bhfuil líon suntasach fiontar beag agus meánmhéide rannpháirteach. Áiríteofar leis sin go mbeidh an Ciste fós oscailte d’fhaighteoirí ó gach Ballstát, beag beann ar a méid nó ar an áit a bhfuil siad lonnaithe san Aontas.

Foráiltear leis an togra seo gurb é an 1 Eanáir 2021 an dáta teacht i bhfeidhm agus tá sé á thíolacadh d’Aontas ina mbeidh 27 mBallstát, i gcomhréir leis an bhfógra a fuair an Chomhairle Eorpach an 29 Márta 2017 ón Ríocht Aontaithe á rá go bhfuil sé ar intinn ag an Ríocht Aontaithe tarraingt siar ón Aontas Eorpach agus ó Euratom bunaithe ar Airteagal 50 den Chonradh ar an Aontas Eorpach.

¹ COM (2017) 295 final, 7.6.2017.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tagann taighde cosanta faoi raon feidhme an Chláir Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht (“Fís Eorpach”) ach sonraítear na forálacha sonracha comhfhreagracha le haghaidh taighde cosanta, amhail na cuspóirí, rialacha rannpháirtíochta agus sásraí seachadta, sa togra seo le haghaidh Rialachán lena mbunaítear an Ciste Eorpach Cosanta.

Chun a áirithiú go mbeidh comhsheasmhacht agus comhlántacht ann i dtaobh leasanna cosanta an Aontais a chur chun cinn faoin gcéad chreat airgeadais ilbhliantúil eile, féachfaidh an Coimisiún le sineirgíochtaí a áirithiú le tionscnaimh eile de chuid an Aontais i réimse an taighde agus na forbartha sibhialta, amhail slándáil agus cibearshlándáil, rialú teorannacha, an garda cósta, iompar muirí agus an spás.

Ba cheart sineirgíochtaí a lorg idir an méid seo a leanas go háirithe:

- an clár sonrach lena gcuirtear Fís Eorpach chun feidhme, ina ndírítear ar fheidhmeanna sibhialta ionas go rachaidh na torthaí ón taighde agus forbairt cosanta chun tairbhe don taighde agus forbairt shibhialta agus *vice versa*;

- clár spáis an Aontais, go háirithe na comhchodanna: Cumarsáid Satailíte Rialtais (GOVSATCOM), Tacaíocht d’Fhaireachán agus Rianú Spáis (SST) agus Copernicus. Féadfar sin a dhéanamh go háirithe trí chomhoiriúnacht theicniúil a áirithiú i gcás ina n-úsáidfear acmhainní an Chórais Dhomhanda um Loingseoireacht Satailíte (GNSS) agus GOVSATCOM sna tionscadail. Féadfar sin a dhéanamh freisin trí fhorbairt a dhéanamh ar bhraiteoirí uasghrádaithe, ardáin mhalartaithe um shonraí rúnaicmithe, feidhmeanna bunaithe ar shonraí nó ar fhaisnéis agus seirbhísí arna soláthar ag comhchodanna an chláir spáis;

- tionscnaimh an Aontais i réimse na cibearshlándála, amhail na cinn sin a fógraíodh sa Teachtaireacht Chomhpháirteach maidir leis an gcibearshlándáil². Go sonrach, leis an lárionad um inniúlachtaí cibearshlándála atá le bunú, ba cheart sineirgíochtaí a lorg idir na gnéithe sibhialtacha agus cosanta den chibearshlándáil. Leis sin, ba cheart tacú go gníomhach leis na Ballstáit agus gníomhaithe ábhartha eile trí chomhairle a sholáthar, saeolas a roinnt agus comhar a éascú i dtaca le tionscadail agus bearta agus, nuair a d’iarrfadh na Ballstáit air, ba cheart ról bainisteora tionscadail a bheith ag an lárionad i ndáil le bearta faoin gCiste Eorpach Cosanta;

- na bearta arna sainaitheint faoin gclár oibre comhordaithe sibhialta míleata maidir le taighde slándála muirí agus an t-iompar muirí; agus

- cláir ábhartha eile de chuid an Aontais i réimse na slándála, amhail an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ciste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha.

² JOIN (2017) 0450 final, 13.9.2017.

Cuirfear an Ciste Eorpach Cosanta chun feidhme i ndlúthchomhar le gníomhaíochtaí an Choimisiúin agus Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála i réimse na cosanta, lena n-áirítear an raon uirlisí airgeadais arb é is aidhm dó forbairt agus soláthar comhpháirteach acmhainní cosanta a éascú a thuilleadh. Go sonrach, na samhlacha maoinithe atá sa raon uirlisí airgeadais le haghaidh soláthar acmhainní, úsáidfear iad mar thagairt dheonach le haghaidh na mBallstát sin ar mian leo teicneolaíocht agus táirgí arna bhforbairt le tacaíocht ón gCiste Eorpach Cosanta a sholáthar go comhpháirteach.

Beidh dlúthnaisc ann idir an Ciste agus na tionscadail a cuireadh i bhfeidhm faoi chuimsiú an Bhuanachomhair Struchtúrtha i réimse na cosanta (PESCO). Nuair a mheasfar tionscadail PESCO a bheith incháilithe, deonófar “bónas PESCO”, i bhfoirm ráta cistiúcháin níos airde, ar na tionscadail sin. Ba cheart cuireadh a chur ar an gCoimisiún a bheith rannpháirteach in imeachtaí na dtionscadal ionas gur féidir dul i gcomhairle leis, chun go bhféadfaidh an Coimisiún cabhrú lena mheas an bhfuil tionscadail den chineál sin incháilithe faoin gCiste.

Leis an gCiste, cuirfear san áireamh plean forbraíochta an Aontais um chumas lena sainaithnítear na tosaíochtaí acmhainní cosanta, agus Athbhreithniú Comhordaithe Bliantúil an Aontais ar Chosaint lena ndéantar faireachán, *inter alia*, ar chur chun feidhme na dtosaíochtaí agus lena sainaithnítear deiseanna nua comhair. Sa chomhthéacs sin, féadfar a chur san áireamh freisin gníomhaíochtaí ábhartha arna ndéanamh ag Eagraíocht Chonradh an Atlantaigh Thuaidh (ECAT) agus ag comhpháirtithe eile i gcás ina bhfónfar leo do leasanna slándála agus cosanta an Aontais agus nach n-eisiafar leo rannpháirtíocht aon Bhallstáit.

Leis an gCiste, cuirfear san áireamh freisin gníomhaíochtaí cosanta arna gcur chun feidhme tríd an tSaoráid Eorpach Síochána, ionstraim sheachbhuiséid nach dtagann faoin gCreat Airgeadais Ilbhliantúil.

Nuair a chomhcheanglaítear tacaíocht, atá dírithe ar thionscadail, i bhfoirm cistiú ón gCiste Eorpach Cosanta agus cistiú dea-cheaptha spriocdhírthe san earnáil chosanta, féadfar cabhrú go suntasach le hathléimneacht na hearnála a neartú agus le haghaidh a thabhairt ar leochaileacht na hearnála, rud a rachaidh chun tairbhe do FBManna agus cuideachtaí lárchaipitlithe nuálacha go háirithe. Féadfaidh sé gur bealach éifeachtach ó thaobh buiséid de é ráthaíocht bhuiséadach chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí i slabhra soláthair na bhfochonraitheoirí atá rannpháirteach i dtionscadail arna gcistiú faoin gCiste. Moladh gur earnáil incháilithe é an earnáil chosanta chun tacaíocht a fháil i bhfoirm ráthaíochtaí buiséadacha faoin gCiste InvestEU, ar creat trasearnála uileghabhálach é lena dtugtar tacaíocht d’infheistíocht i réimsí éagsúla beartais agus a bhfuil ráthaíochtaí buiséadacha an Aontais mar bhonn taca leis. Leis an togra seo, foráiltear maidir leis an deis tacaíocht faoin gCiste a mheascadh le maoiniú a bhfuil InvestEU mar thaca leis.

Ba cheart bearta an Chiste a úsáid chun dul i ngleic le teipeanna margaidh nó le cásanna infheistíochta fo-optamacha, ar dhóigh chomhréireach, gan maoiniú priobháideach a dhúbláil ná a phlódú agus ba cheart breisluach Eorpach soiléir a bheith acu. Áiritheofar leis sin comhsheasmhacht idir bearta an Chiste agus rialacha an Aontais maidir le státhabhair, lena seachnófar saobhadh míchuí ar iomaíocht sa mhargadh inmheánach.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

• Bunús dlí

Is é is aidhm don Chiste Eorpach Cosanta iomaíochas agus nuálaíocht bhonn teicneolaíoch agus tionsclaíoch cosanta an Aontais a chothú trí thacú le gníomhaíochtaí taighde agus forbartha atá dírithe ar an gcosaint. Tá sé bunaithe ar na teidil “Tionscal” agus “Taighde agus forbairt theicneolaíoch agus an spás” den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) (Airteagail 173, 182, 183 agus 188).

Is é Airteagal 173 de CFAE an bunús dlí le bearta arb é is aidhm dóibh timpeallacht a chothú atá fabhrach d’fhorbairt gnóthas ar fud an Aontais, go háirithe FBManna, do chomhar idir gnóthais agus chun saothrú níos fearr a chothú maidir le hacmhainneacht thionsclaíoch na mbeartas nuálaíochta, taighde agus forbartha teicneolaíche.

Ós rud é gurb é is aidhm don Chiste Eorpach Cosanta iomaíochas agus nuálaíocht bhonn teicneolaíoch agus tionsclaíoch cosanta an Aontais a chothú trí thacú le gníomhaíochtaí taighde agus forbartha atá dírithe ar an gcosaint, leis an aidhm sin agus le hábhar an Chiste tugtar údar cuí le roghnú Airteagal 173 CFAE mar bhunús dlí. Is dlúthchuid den Chiste Eorpach Cosanta iad freisin bearta taighde atá dírithe ar an gcosaint. Lena n-aidhm agus lena n-ábhar, tugtar údar cuí le roghnú Airteagal 182 CFAE mar bhunús dlí breise.

De bhun CFAE, cumhdófar na gníomhaíochtaí taighde ar fad faoi chreachlár taighde ilbhliantúil. Sa bhunghníomh den chreachlár taighde agus nuálaíochta ilbhliantúil tar éis 2020, Fís Eorpach, tá na forálacha is gá lena leagtar amach na naisc idir na cláir shonracha atá bunaithe aige maidir le taighde cosanta agus maidir le cur chun feidhme Fís Eorpach, lena leagtar béim ar ghníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta sibhialta.

Tá na forálacha mionsonraithe maidir le cistiú ón Aontas le tionscadail taighde cosanta, agus a leithdháileadh buiséid, socraithe sa dréachtrialachán reatha maidir leis an gCiste Eorpach Cosanta, ina sainmhínítear freisin na rialacha rannpháirtíochta don taighde cosanta. Sna gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta a dhéantar faoin gCiste Eorpach Cosanta, dírithear go heisiach ar fheidhmeanna cosanta.

• Coimhdeacht (maidir le hinniúlacht neamheisiach)

Sa lá atá inniu ann, is é a chiallaíonn ráthú na slándála a bheith in ann déileáil le bagairtí a thrasnaíonn teorainneacha náisiúnta. Ní féidir le haon tír amháin aghaidh a thabhairt aisti féin ar na bagairtí sin. Beidh ar an Aontas a bheith níos freagraí as leasanna, luachanna agus modh maireachtála na hEorpa a chosaint, i gcomhlántacht agus i gcomhar le ECAT.

Cabhrófar leis an gcuspóir sin a ghnóthú tríd na hiarrachtaí a dhéanfaidh an tAontas a leibhéal uailmhéine a bhaint amach i réimse na slándála agus na cosanta (mar a d’fhormhuinigh an Chomhairle Eorpach in 2016). D’fhoneo go mbeidh an tAontas ullamh chun aghaidh a thabhairt ar bhagairtí amach anseo agus a shaoránaigh a chosaint, ní mór dó a neamhspleáchas straitéiseach a threisiú. Chun sin a dhéanamh, is gá eochairtheicneolaíochtaí a fhorbairt i réimsí barrthábhachtacha agus acmhainní straitéiseacha a fhorbairt chun ceannaireacht

theicneolaíoch a áirithiú. Comhar níos mó ar gach leibhéal, is é sin an t-aon bhealach chun ionchais shaoránaigh an Aontais a shásamh.

Trí chomhar a spreagadh, féadfaidh an tAontas cabhrú le huasmhéadú a dhéanamh ar aschur agus ar chaighdeán na hinfheistíochta a dhéanann na Ballstáit sa chosaint. Soláthrófar leis an gCiste Eorpach Cosanta breisluach AE trí thaighde agus forbairt táirgí agus teicneolaíochtaí i réimse na cosanta a dhreasú chun éifeachtúlacht an chaiteachais phoiblí a mhéadú agus, ar an dóigh sin, cuirfear le neamhspleáchas oibríochtúil an Aontais.

Beidh saincheart ag na Ballstáit fós i leith cinntí faoi infheistíochtaí cosanta agus faoi chlár forbartha cosanta, agus beidh siad freagrach astu. Ní fhéadfaidh an tAontas, agus níor cheart dó, leibhéil ísle infheistíochtaí cosanta a chúiteamh leis na Ballstáit. Mar sin féin, is féidir leis an Aontas iarrachtaí comhoibríocha na mBallstát a chomhlánú, a ghíaráil agus a chomhdhlúthú i dtaca le hacmhainní cosanta a fhorbairt chun tacú le tionscal cosanta na hEorpa agus chun freagairt do dhúshlán slándála. Leis sin, sheachnófaí dúbailt, bhainfí úsáid níos éifeachtaí as airgead an cháiníocóra, d'fheabhsófaí idir-inoibritheacht trealamh cosanta, d'íoslaghdófaí ilroinnt agus chuirfí borradh faoi iomaíochas agus nuálaíocht i mbonn tionsclaíoch agus teicneolaíoch cosanta na hEorpa.

- **Comhréireacht**

Tá an cur chuige beartais atá beartaithe comhréireach le scála agus tromchúis na bhfadhbanna a sainathnódh, i.e. easpa comhair trasteorann agus an gá atá ann tacú le hiomaíochas thionscal na hEorpa agus le taighde agus forbairt cosanta chomhoibríoch. Urramaíonn sé teorannacha idirghabháil an Aontais a d'fhéadfadh a bheith ann faoi na Conarthaí.

Tá an tionscnamh teoranta do chuspóirí nach féidir leis na Ballstáit astu féin iad a ghnóthú go sásúil, agus ar féidir a bheith ag súil leis go ngnóthóidh an tAontas iad ar dhóigh níos fearr. Maidir leis an sásra seachadta atá beartaithe agus a chuirfear chun feidhme ar leibhéal an Aontais, is é is aidhm dó srian a chur le costais airgeadais agus riaracháin.

- **An rogha ionstraime**

Molann an Coimisiún Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle d'fhonn an Ciste a bhunú. Is é Rialachán an ionstraim dlí is oiriúnaí óir is le Rialachán, agus leis sin amháin, lena fhorálacha dlí atá infheidhme go díreach, a fhéadfar an leibhéal aonfhoirneachta is gá a chur ar fáil chun clár cistiúcháin de chuid an Aontais a chur ar bun agus a oibriú lena ndíreofar ar thacú le hearnáil tionsclaíochta ar fud na hEorpa.

3. TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ SIARGHABHÁLACHA, Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí siarghabhálacha/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Níl na cláir arna mbunú faoin gcreat airgeadais ilbhliantúil reatha i bhfeidhm ach le hachar teoranta ama agus, dá réir sin, ní thugtar leo deiseanna tábhachtacha foghlama ná deiseanna chun taithí a chur san áireamh in ullmhú an chláir seo.

Seoladh an Réamhbheart maidir le Taighde Cosanta in Aibreán 2017 agus buiséad iomlán EUR 90 milliún thar thrí bliana ann dó. Síníodh na chéad chonarthaí in 2018 agus tá na chéad torthaí nithiúla ag teacht anois, ach tá na tionscadail ar fad fós ar siúl.

Tá na hiarratasóirí ar ghlaonna in 2017 scaipthe thar limistéar geografach fairsing: chuir eintitis ó 25 Bhallstát de chuid an Aontais agus ón Iorua iarratais isteach, chomh maith le líon mór iarratasóirí aonair: 187 san iomlán. Áirítear ar na tionscadail a roghnaíodh le haghaidh cistithe rannpháirtithe ó 17 mBallstát de chuid an Aontais. Maidir le cineál na n-iarratasóirí, áirítear i measc na dtograí iarratasóirí ón earnáil phríobháideach, an tionscal mór agus beag araon, FBManna, comhlachtaí poiblí, ionaid taighde agus ollscoileanna. Tá leibhéal rannpháirtíochta FBManna ag 30 % i gcás na dtograí sin nach gcuirtear, leis an Réamhbheart maidir le Taighde Cosanta, rialacha dochta i bhfeidhm ar rannpháirtíocht FBManna. Tá ráta rannpháirtíochta sin na FBManna mórán mar an gcéanna i gcás na dtionscadal a roghnaíodh le haghaidh cistithe: leibhéal rannpháirtíochta 32 % agus luach buiséid 14 % ann dóibh. Léirítear sna sonraí gur mheall na glaonna ón gcéad bhliain den Réamhbheart maidir le Taighde Cosanta freagairt mhaith agus suim mhór ón earnáil. I bhfianaise an ráta freagartha mhaith sin, is féidir an tátal tosaigh a bhaint as gur tugadh aghaidh ar na saincheisteanna cosanta ábhartha agus gur chuir an earnáil suim iontu.

Beidh EUR 500 milliún de bhuiséad ag an Rialachán atá beartaithe maidir leis an gClár Eorpach Forbartha Tionscal i réimse na Cosanta don tréimhse 2019-2020. Tháinig na comhreachtóirí ar chomhaontú comhréitigh an 22 Bealtaine 2018. Ba cheart go mbeadh an Clár Eorpach Forbartha Tionscal i réimse na Cosanta ag feidhmiú ón 1 Eanáir 2019.

Léiríodh sa chomhaontú comhréitigh a aimsíodh go bhfuil toil pholaitiúil ann i measc na gcomhreachtóirí aontú go gasta ar bhuiséad, leagan amach agus módúlachtaí cur chun feidhme cláir chun forbairt táirgí agus teicneolaíochtaí cosanta a chómhaoiniú.

Is é atá i gceist leis an togra reachtach reatha méadú a dhéanamh ar an dá thionscnamh atá ann cheana faoi chreat airgeadais ilbhliantúil 2014-2020. I bhfianaise na taithí a fuarthas ón Réamhbheart maidir le Taighde Cosanta agus ón gClár Eorpach Forbartha Tionscal i réimse na Cosanta agus ó mheasúnú ar a mhéid atá leagan amach an dá thionscnamh ailínithe, is Ciste comhtháite aonair atá beartaithe. Leis sin, beifear in ann cuíchóiriú agus simpliú a dhéanamh.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Chun deis a thabhairt do na páirtithe leasmhara ar fad barúil a thabhairt, reáchtáil an Coimisiún comhairliúchán poiblí oscailte faoin gCiste Eorpach Cosanta ón 13 Eanáir 2018 go dtí an 9 Márta 2018, mar chuid de bheart comhairliúcháin níos leithne faoi gach réimse beartais atá cumhdaithe faoi bhuiséad an Aontais do 2021-2027. Cuireadh roinnt páipéar seasaimh isteach trí thairseach gréasáin an chomhairliúcháin phoiblí oscailte.

Chuathas i gcomhairle le grúpaí páirtithe leasmhara éagsúla, lena n-áirítear grúpaí a mbeidh tionchar díreach ag an gCiste orthu, amhail an earnáil tionsclaíochta agus institiúidí taighde, agus grúpaí a bhfuil tuairim acu faoin ábhar ach nach faighteoirí díreacha iad, amhail saoránaigh agus Eagraíochtaí Neamhrialtasacha (ENRanna). Cháin roinnt ENRanna an tionscnamh ó thaobh na heitice de. Cé gur cuireadh a n-imní san áireamh sa togra, mar is iomchuí, (e.g. i dtaca leis an eitic, an gá le coinbhinsiúin idirnáisiúnta a chomhlíonadh), tá an Coimisiún ag feidhmiú an chirt tionscnaimh atá aige freagairt don ghlaó ó shaoránaigh an

Aontais agus óna gceannairí polaitiúla tacú le tionscal cosanta an Aontais agus le slándáil níos fearr.

Na páirtithe leasmhara sin ar a n-imreofar tionchar díreach, tacaíonn siad leis. Thug siad barúil ar na gnéithe atá le maoiniú agus rinne siad moltaí maidir le struchtúr an Chiste agus na socruithe cistithe. Seo a leanas na príomhphointí:

- **ba cheart díriú ar thosaíochtaí taighde agus forbartha fadtéarma agus meántéarma** (brú chun cinn na teicneolaíochta agus nuálaíocht shuaiteach) ar mhaithe le hiomaíochas fadtéarma na hearnála agus acmhainní ceannródaíocha a sholáthar. Ba cheart tosaíochtaí an Chiste a chinneadh in éineacht leis na Ballstáit i gcomhthéacs na gclár oibre bliantúil/ilbhliantúil;
- **le struchtúr an Chiste, ba cheart cur chuige iomlánaíoch i dtreo acmhainní a léiriú** lena gcumhdaítear an timthriall teicneolaíochta iomlán agus ar bhonn Rialachán aonair. Ba cheart socruithe mionsonraithe an dá cholún a ailíniú a mhéid is féidir;
- measann na páirtithe leasmhara d'aon ghuth gur gá na rialacha maidir le **Ceartha Maoine Intleachtúla** (CMIInna) a chur in oiriúint don chosaint. D'iarr eagraíochtaí taighde go gcosnófaí cearta rannpháirtithe uile an tionscadail agus ní ceartha an tionscail mhóir amháin;
- maidir le rátaí cistithe, bhí páirtithe leasmhara ar aon intinn gur gá sonraíochtaí na hearnála a chur san áireamh sna rátaí cistithe. Rinne institiúidí taighde an argóint ar son ranníocaíochtaí le taighde suas le 100 % agus gur cheart costais dhíreacha a bhaineann le bonneagair a chumhdach. Mhol tuarascáil ó Ghrúpa Pearsantachtaí i dtaca leis an Réamhbheart maidir le Taighde Cosanta (Tuarascáil ón nGrúpa Pearsantachtaí)³ gur cheart céatadán níos airde costas díreach a chumhdach;
- **maidir le foirmeacha tacaíochta airgeadais**, mhol freagróirí gur cheart breathnú ar roghanna le haghaidh cómhaoiniú ó na Ballstáit, e.g. trí sholáthar réamhthráchtála agus oibríochtaí measctha arna mbainistiú trí InvestEU sna cásanna sin ina bhfuil seachthairbhí sibhialta nó a bhaineann le saoráidí tástála.

- **Saineolas seachtrach**

Thionóil an Coimisinéir um an Margadh Innheánach, Tionsclaíocht, Fiontraíocht agus FBManna grúpa de 16 dhuine ardleibhéil atá gníomhach i réimse na cosanta (ón tionscal, eagraíochtaí taighde, Parlaimint na hEorpa, parlaimintí náisiúnta, agus institiúidí a dhíríonn ar bheartas) chun comhairle sheachtrach a sholáthar ar bheartas taighde cosanta sa ghearrthéarma agus san fhadtéarma. Tar éis comhráite agus comhairliúcháin rialta, d'fhoilsigh an grúpa tuarascáil dar teideal *European Defence Research - the case for an EU-funded R&T programme*⁴ [Taighde Cosanta Eorpach - an cás ar son clár taighde agus forbartha arna chistiú ag an Aontas Eorpach] in Eanáir 2016.

³ https://www.iss.europa.eu/sites/default/files/EUISSFiles/GoP_report.pdf

⁴ https://www.iss.europa.eu/sites/default/files/EUISSFiles/GoP_report.pdf

Chuidigh an grúpa leis an Réamhbheart maidir le Taighde Cosanta, a seoladh in Aibreán 2017, a mhúnlú agus chuir sé comhairle straitéiseach ar fáil faoi na mianta níos fadtéarmaí maidir le taighde cosanta arna chistiú ag an Aontas.

- **Measúnú tionchair**

I gcomhréir le cleachtais an Choimisiúin um rialáil níos fearr, tá measúnú tionchair ina thaca ag an togra seo. Rinne an Bord Neamhspleách um Ghrinnscrúdú Rialála grinnscrúdú ar an tuarascáil ar an measúnú tionchair an 11 Aibreán 2018 agus thug sé tuairim dhearfach uaidh. Mhol an Bord soiléiriú a thabhairt ar bhunús dlí an tionscnaimh agus ar fhorluí a d'fhéadfadh a bheith ann le taighde arna chistiú sa chlár sonrach eile faoi Fís Eorpach chun an cur síos ar shásraí seachadta a choigeartú ionas go mbeidh cur chuige níos roghnaithí ann agus chun údar cuí níos fearr a thabhairt leis an modh bainistíochta díri atá beartaithe don Chiste. Tá an tuarascáil ar an measúnú tionchair leasaithe dá réir, i gcomhréir le moltaí an Bhoird. Tá Roinn 3.2.1 den Mheasúnú Tionchair nuashonraithe go hiomlán, i gcomhréir leis an gcéad mholadh. Tá an fhoclaíocht i Roinn 2.4 feabhsaithe agus mínítear inti go soiléir anois an t-idirdhealú idir an Ciste Eorpach Cosanta agus an Clár sonrach lena gcuirtear Fís Eorpach chun feidhme i dtaca le feidhmeanna sibhialta. Chun míniú níos fearr a thabhairt ar an idirdhealú, agus ar láidreachtaí agus ar laigí na roghanna éagsúla, coigeartaíodh an fhoclaíocht i Roinn 4.1 tríd síos, chomh maith leis an measúnú ar na Roghanna i Roinn 4.2, lena n-áirítear anois an fhéidearthacht cuid de na bearta atá bunaithe ar an loighic ó Rogha 3 a chur chun feidhme, ar bhonn cás ar chás agus i gcás inarb iomchuí. Ar deireadh, tá foclaíocht shonrach, lena dtugtar údar cuí leis an modh bainistíochta díri, san áireamh anois i Roinn 4.1.1.

Sa tuarascáil ar an measúnú tionchair, mínítear na fadhbanna agus bunchúiseanna na bhfadhbanna a thug ar an gCoimisiún an togra a bheartú. Baineann siad sin le ciorruithe ar bhuiséid chosanta náisiúnta agus le caiteachas neamh-chomhordaithe, ar a bhfuil neamhéifeachtúlachtaí mar thoradh agus lena laghdaítear an fháil ar threalamh cosanta go leibhéil thromchúiseacha. Fuarthas amach sa tuarascáil chomh maith go raibh fadhbanna leis an easpa nuálaíochta i réimse na cosanta agus, leis na leibhéil laghdaitheacha chomhair i dtaighde agus i bhforbairt cosanta agus in infheistíochtaí i dtrealamh cosanta, go gcuirtear bac ar chumas an Aontais córais agus teicneolaíochtaí cosanta nua a fhorbairt. Léirítear an t-éileamh ilroinnte sa chomhordú neamhéifeachtúil a dhéantar i dtaobh an tsoláthair, lena n-áirítear dubailtí suntasacha, táirgeadh ar scála beag agus slabhraí soláthair tionsclaíocha atá bunaithe ar bhonn náisiúnta go príomha. Mar gheall air sin ar fad, cuireadh srian le hidir-inoibritheacht trealamh cosanta agus níor baineadh leas as barainneachtaí scála.

De réir na tuarascála, leis an gCiste chabhrófaí leis an scéal a leigheas trí EUR 13 bhilliún a threorú chuig taighde agus forbairt acmhainní chomhoibríoch atá dírithe ar chosaint, rud a fhágfaidh go mbeidh an tAontas féin ar cheann de na hinfheisteoirí is mó i dtaighde cosanta san Aontas Eorpach agus rud a fheidhmeoidh mar chatalaíoch trí chaiteachas aonair a atreorú chuig tionscadail forbartha comhoibríche de chuid an Aontais ag a bhfuil ceanglais chomhchoiteanna theicniúla lena dtugtar aghaidh ar thosaíochtaí an Aontais.

Sa tuarascáil rinneadh measúnú ar thrí rogha maidir le struchtúr an Chiste agus sásraí seachadta lena bhféadfaí aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna ar an dóigh is fearr is féidir:

- Rogha 1 – an dá chlár tástála ar leith atá ann faoi láthair faoi chreat airgeadais ilbhliantúil 2014-2020 a choinneáil ach leibhéil chaiteachais a mhéadú faoi níos mó ná sé;
- Rogha 2 – bearta breise solúbthachta agus simplithe a thabhairt isteach. Le Ciste aonair, d'fhéadfaí pleanáil chomhtháite a dhéanamh le haghaidh taighde agus forbartha araon agus rialacha rannpháirtíochta comhchuibhithe a bheith san áireamh. Le Rogha 2, cuirtear san áireamh an t-imní atá ar pháirtithe leasmhara go bhfuil leibhéil chistithe le haghaidh costas indéach ró-íseal sa mhodheolaíocht arna cur i bhfeidhm sa chás bonnlíne. Maidir le saintréithe sonracha na hearnála, lena n-áirítear go bhfuil an earnáil spleách ar cheannaitheoir aonair agus go gcuirtear srian suntasach le saothrú tráchtála a dhéanamh ar na torthaí ón taighde agus forbairt atá dírithe ar chosaint, ba cheart na saintréithe sin a aithint. Faoi Rogha 2, tabharfar isteach solúbthacht lena gcumhdófar costais indéacha ar dhóigh níos fearr. Ina theannta sin, tabharfaí isteach bearta simplithe, amhail deontais i bhfoirm cnapshuimeanna; agus
- Rogha 3 – ceanglais níos déine a thabhairt isteach, i.e. in ionad cur chuige atá bunaithe ar dhreasachtaí agus ar bhónais, tabharfar isteach cur chuige níos saintreoraí arb é is aidhm dó aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna sainaitheanta ar bhealach níos sáití chun torthaí a ghnóthú níos gasta. Baineann rioscaí suntasacha leis an gcur chuige saintreorach sin, go háirithe maidir le glacadh, rud a fhéadfaidh srian a chur le cumas an Chiste a chuspóirí a ghnóthú.

Tar éis na roghanna a chur i gcomparáid le chéile, moltar sa tuarascáil glacadh le Rogha 2 mar go n-uasmhéadaítear sineirgíochtaí léi agus go dtugtar simpliú isteach, agus nach bhfuil an oiread rioscaí ag baint leis an gcur chuige bunaithe ar dhreasachtaí agus atá leis an gcur chuige saintreorach i Rogha 3. Is é Rogha 2 an bealach is fearr lena áirithiú go mbainfear na nithe seo a leanas amach leis an gCiste:

- go gcothaítear comhtháthú agus neartú iomaíochas domhanda bhonn teicneolaíoch agus tionsclaíoch cosanta na hEorpa;
 - go dtacaítear le forbairt táirgí agus teicneolaíochtaí cosanta san Aontas trí ghníomhú mar chatalaíoch do chlár um chomhar i dtaighde agus forbairt i bpríomhréimsí teicneolaíochta cosanta; ba cheart go n-eascródh as sin clár infheistíochta cosanta chomhoibríoch leantacha lena dtugtar aghaidh ar na riachtanais acmhainní a bheidh ag na Ballstáit amach anseo agus lena neartaítear forbairt acmhainní amach anseo trí chomhar méadaithe; agus
 - go soláthraítear breisluach AE, i bhfianaise chumas an Chiste (gan iarrachtaí náisiúnta a ionadú) comhordú a dhéanamh ar réimse leathan páirtithe leasmhara ó aireachtaí cosanta (mar chustaiméirí eisiacha) go tionscail chosanta (mar sholáthraithe aonair táirgí cosanta) chun aschuir atá ar leas gach duine a ghnóthú.
- **Simpliú agus solúbthacht**

Cur chuige comhtháite: le Ciste Eorpach Cosanta lena gcumhdaítear gníomhaíochtaí taighde agus forbartha araon, is féidir tacaíochtaí comhtháite a threisiú a chéile a sholáthar agus, ag an am céanna, seachnaítear an riosca go gcaillfear torthaí taighde in éagmais tacaíocht leanúnach chun an teicneolaíocht a fhorbairt agus a thástáil a thuilleadh. Leis sin, neartófar glacadh táirgí agus teicneolaíochtaí a fhaigheann tacaíocht trí chistiú ón Aontas. Sa bhreis air

sin, le ciste níos comhtháite agus níos solúbtha, is féidir foirmeacha breise tacaíochta a sholáthar i gcás inarb ábhartha, lena n-áirítear trí sholáthar réamhthráchtála. Leis sin, beifear in ann na réitigh mhargaidh is buntáistí go heacnamaíoch chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais an Aontais i dtaca le taighde agus forbairt cosanta a shainaithint.

Agus cineál sonrach an taighde agus na forbartha san earnáil chosanta á chur san áireamh: tá dearadh agus struchtúr an Chiste Eorpaigh Cosanta bunaithe ar an taithí a fuarthas ón Réamhbheart maidir le Taighde Cosanta agus an togra le haghaidh an Chláir Eorpaigh Forbartha Tionscal i réimse na Cosanta, aiseolas ó na páirtithe leasmhara, torthaí an mheasúnaithe tionchair agus go háirithe ar shaintréithe sonracha na hearnála ina gcistíonn na Ballstáit agus tíortha comhlachaithe costas iomlán an taighde agus na forbartha, i bhfianaise na srianta atá le torthaí taighde agus forbartha a shaothrú. Leis an gCiste Cosanta, tugtar an tsolúbthacht is gá chun costais indíreacha a chumhdach níos fearr agus, ag an am céanna, cuirtear bearta i bhfeidhm lena áirithiú nach mbíonn aon róchúiteamh ann.

Na bearta ón gCiste a chuirtear chur chun feidhme le linn na céime forbartha, tá siad idirnasctha go dlúth le straitéisí agus nósanna imeachta pleanála agus soláthair na mBallstát, lena n-áirítear a ranníocaíochtaí le tionscadail armála idirnáisiúnta. Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach go mbíonn na Ballstáit rannpháirteach i gcinntí dámhachtana i leith bearta forbartha de réir rialacha nós imeachta na gcoistí.

Na rátaí cistithe le haghaidh forbairt fréamhshamhlacha agus le haghaidh na mbeart sna céimeanna forbartha ina dhiaidh sin, beidh siad níos ísle ná na rátaí cistithe le haghaidh bearta eile roimh chéim na bhfréamhshamhlacha. Féadfadh leis sin dreasachtaí iomchuí a thabhairt chun tacú le tionscadail forbartha fréamhshamhlacha chomhoibritheacha a sheoladh agus, ag an am céanna, an ról tábhachtach atá ag cistiú na mBallstát sa réimse seo á chur san áireamh.

Le rialacha rannpháirtíochta an Chiste Eorpaigh Cosanta, cuirfear san áireamh cineál sonrach na hearnála cosanta, go háirithe maidir leis an ngéarghá le slándáil faisnéise agus le bainistiú thorthaí na mbeart etc.

Tabharfar aird ar leith ar rannpháirtíocht iomchuí gnólachtaí beaga a áirithiú, trí bhíthin rátaí cistithe méadaithe chun rannpháirtíocht trasteorann fiontar beag agus meánmhéide i dtionscadail chomhoibríocha a spreagadh.

Trí úsáid fhairsing a bhaint as uirlisí bunaithe ar aschur (cnapshuimeanna aonair agus rátaí comhréidhe do dheontais), seachnófar rialuithe cuntasaíochta *ex post* ar chostais incháilithe agus aon chastacht rialaithe a d'fhéadfadh a bheith ann (imréiteach slándála). Go sonrach, i gcás ina mbeidh an tAontas ag cur le mionchuid de bhuiséad sealadach arna fhormhuiniú ag na Ballstáit cheana féin (tacaíocht chun fréamhshamhlacha a fhorbairt), beidh an deontas ón Aontas i bhfoirm cnapshuim aonair a íocfar ar tháirgí insoláthartha lena nglacann na Ballstáit. Mar riail, ní mór ranníocaíocht an Aontais a bheith íoctha i ndáil le táirgí insoláthartha. Leis sin, éascófar bainistíocht an Chiste, laghdófar na costais bhainistíochta agus cuirfear srian leis an ráta earráide.

Cuirfidh an Coimisiún an Ciste Eorpach Cosanta chun feidhme faoi bhainistíocht dhíreach d'fhonn éifeachtacht agus éifeachtúlacht an tseachadta a uasmhéadú. Beidh na Ballstáit dlúthpháirteach i gcur chun feidhme an Chiste Eorpaigh Cosanta.

- **Ceartha bunúsacha**

Trí shlándáil shaoránaigh an Aontais a threisiú, déantar a gcearta bunúsacha a choimirciú.

Comhlíonfaidh gníomhaíochtaí cistithe gealltanais an Aontais faoi chonarthaí idirnáisiúnta agus scagfaidh saineolaithe eitice gach iarratas ar chistiú.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Is é EUR 13 000 000 000 (i bpraghsanna reatha) an leithdháileadh buiséid atá beartaithe do 2021-2027, agus:

- is do bhearta taighde EUR 4 100 000 000 de;
- is do bhearta forbartha EUR 8 900 000 000 de.

Tá an tionchar ar an gcreat airgeadais ilbhliantúil, i dtaca leis na hacmhainní buiséid agus daonna is gá, sonraithe sa ráiteas airgeadais reachtach a ghabhann leis an togra.

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Sa ráiteas airgeadais reachtach, leagtar amach na hacmhainní atá ag teastáil i ranna éagsúla an Choimisiúin chun an Ciste a chur chun feidhme. Faoi réir deimhniú ar chost-éifeachtúlacht trí bhíthin anailis costais is tairbhe, féadfaidh Gníomhaireacht Feidhmiúcháin de chuid an Choimisiúin an Ciste a bhainistiú.

Tá scéim faireacháin beartaithe chun tacú le tuairisciú agus meastóireacht feidhmíochta. Cuirfear na torthaí ar fáil de réir a chéile. Bainfidh an fhaisnéis faireacháin leis an méid seo a leanas:

- táscairí ionchuir (e.g. líon agus cineálacha tionscadal) sna blianta tosaigh;
- táscairí aschuir leath bealaigh trí fhaisnéis na clárthréimhse (ag brath ar fhad na dtionscadal);
- táscairí toraidh (e.g. soláthar ag na Ballstáit ina dhiaidh sin, agus paitinní) i mblianta deiridh an Chiste.

Déanfar meastóireachtaí i gcomhréir le mír 22 agus mír 23 de Chomhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016⁵, inar dhearbhaigh trí institiúid gur cheart measúnuithe tionchair ar

⁵ Comhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016; IO L 123, 12.5.2016, lgh. 1-14.

roghanna i leith tuilleadh beart a bhunú ar mheastóireachtaí ar an reachtaíocht agus ar na beartais a bhí ann cheana. Sna meastóireachtaí sin measfar éifeachtaí an chláir ar an talamh ar bhonn tháscairí/spriocanna an chláir agus anailís mhionsonraithe ar a mhéid is féidir a mheas go bhfuil an clár ábhartha éifeachtach éifeachtúil, ar an gceist an leor breisluach AE a chuireann sé ar fáil agus ar an gceist an bhfuil sé comhleanúnach le beartais eile de chuid an Aontais. Áireofar iontu ceachtanna a foghlaimíodh chun aon easnamh nó aon fhadhb atá ann, nó aon phoitéinseal atá ann breis feabhais a chur ar na bearta nó ar a dtorthaí, a shainaithint, agus chun cuidiú lena saothrú/tionchar a uasmhéadú.

Nuair a bheidh faisnéis leordhóthanach ar fáil agus tráth nach déanaí ná ceithre bliana ó thosach an chur chun feidhme, déanfar meastóireacht eatramhach ar an gCiste i dtaca le cur chun feidhme an Chiste, i gcomhthráth leis na meastóireachtaí *ex post* ar an Réamhbheart maidir le Taighde Cosanta agus ar an gClár Eorpach Forbartha Tionscal i réimse na Cosanta.

Déanfaidh an Coimisiún meastóireacht deiridh ag deireadh na tréimhse cur chun feidhme nuair a bheidh formhór na dtionscadal curtha i gcrích.

Bearta ar son na haeráide a phríomhshruthú

Sa togra ón gCoimisiún maidir le Creat Airgeadais Ilbhliantúil 2021-2027, leagadh síos sprioc níos uailmhianaí maidir le bearta ar son na haeráide a phríomhshruthú i gclár uile an Aontais, is é sin 25 % san iomlán de chaiteachas an Aontais a bheith ag rannchuidiú le cuspóirí aeráide a bhaint amach. Déanfar rannchuidiú an Chiste seo le gnóthú na sprice foriomláine sin a rianú le córas marcóirí aeráide de chuid an Aontais ar leibhéal iomchuí imdhealaithe, lena n-áirítear modheolaíochtaí níos cruinne a úsáid má bhíonn fáil ar a leithéid. Leanfaidh an Coimisiún den fhaisnéis a chur i láthair go bliantúil i dtéarmaí leithreasuithe faoi chomhair gealltanais i gcomhthéacs an dréachtbhuiséid bhliantúil.

Chun gur fusa lánleas a bhaint as poitéinseal an Chiste Eorpaigh Cosanta rannchuidiú le cuspóirí aeráide, féachfaidh an Coimisiún le bearta ábhartha a shainaithint i rith phróisis ullmhúcháin, chur chun feidhme, athbhreithnithe agus mheastóireachta an Chiste.

• Dáta cur i bhfeidhm

Foráiltear leis an togra seo gurb é an 1 Eanáir 2021 an dáta cur i bhfeidhm.

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena mbunaítear an Ciste Eorpach Cosanta

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 173(3), Airteagal 182(4), Airteagal 183, agus an dara mír d'Airteagal 188 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) Sa Phlean Gníomhaíochta Eorpach um Chosaint, a glacadh an 30 Samhain 2016, gheall an Coimisiún go gcomhlánódh sé, go ngiarálfadh sé agus go gcomhdhlúthódh sé iarrachtaí comhoibríocha na mBallstát acmhainní cosanta teicneolaíocha agus tionsclaíocha a fhorbairt chun freagairt do dhúshlán slándála, agus go gcothódh sé tionscal cosanta Eorpach atá iomaíoch, nuálach agus éifeachtach. Bheartaigh sé go háirithe Ciste Eorpach Cosanta (an “Ciste”) a sheoladh chun tacú le hinfheistíochtaí sa taighde comhpháirteach agus i bhforbairt chomhpháirteach táirgí agus teicneolaíochtaí cosanta, lena gcothaítear sineirgíochtaí agus cost-éifeachtúlacht, agus chun ceannach agus cothabháil chomhpháirteach trealamh cosanta a chur chun cinn i measc na mBallstát. Leis an gCiste, comhlánófar cistiú náisiúnta a úsáideadh cheana féin chun na críche sin agus ba cheart go dtabharfaí spreagadh do na Ballstáit dul i gcomhar le chéile agus tuilleadh infheistíochta a dhéanamh sa chosaint. Leis an gCiste, thacófaí leis an gcomhar le linn thimthriall iomlán táirgí agus teicneolaíochtaí cosanta.
- (2) Leis an gCiste, chabhrófaí le bonn cosanta tionsclaíoch teicneolaíoch atá láidir, iomaíoch agus nuálach a bhunú agus thiocfadh an Ciste go huile agus go hiomlán le tionscnaimh an Aontais i dtreo Margadh Cosanta níos comhtháite san Eoraip agus, go háirithe, leis an dá Threoir⁶ maidir le soláthar agus aistrithe an Aontais in earnáil na cosanta, a glacadh in 2009.

⁶ Treoir 2009/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena simplítear téarmaí agus coinníollacha aistrithe táirgí a bhaineann le cosaint laistigh den Chomhphobal, IO L 146, 10.6.2009, lch. 1; Treoir 2009/81/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le comhordú na nósanna imeachta um dhámhachtain conarthaí oibreacha, soláthair agus seirbhíse áirithe ag údaráis nó eintitis chonarthaigh i réimse na cosanta agus na slándála, OJ L 216, 20.8.2009, lch. 76.

- (3) De réir cur chuige lánpháirteach agus d'fhonn rannchuidiú le feabhas a chur ar iomaíochas agus acmhainn nuálaíochta thionscal cosanta an Aontais, ba cheart Ciste Eorpach Cosanta a bhunú. Ba cheart é a bheith mar aidhm leis an gCiste iomaíochas, nuálaíocht, éifeachtúlacht agus neamhspleáchas thionscal cosanta na hEorpa a threisiú, lena gcuirfí le neamhspleáchas straitéiseach an Aontais trí thacú leis an gcomhar trasteorann idir na Ballstáit agus idir fiontair, ionaid taighde, údaráis riaracháin náisiúnta, eagraíochtaí idirnáisiúnta agus ollscoileanna, sa chéim thaighde agus sa chéim forbartha a bhaineann le táirgí agus teicneolaíochtaí cosanta. Chun réitigh níos nuálaí agus margadh inmheánach oscailte a bhaint amach, ba cheart, leis an gCiste, tacú le rannpháirtíocht trasteorann fiontar beag agus meánmhéide (FBManna) cosanta agus cuideachtaí meánchaipitlithe cosanta.
- (4) Is gné bharrthábhachtach í an chéim thaighde mar riochtaítear léi acmhainn earnáil tionsclaíochta na hEorpa agus neamhspleáchas earnáil tionsclaíochta na hEorpa chun táirgí a fhorbairt, agus neamhspleáchas na mBallstát mar úsáideoirí deiridh cosanta. Féadfaidh sé go mbeidh rioscaí suntasacha ag baint leis an gcéim thaighde i dtaca le hacmhainní cosanta a fhorbairt, go háirithe i bhfianaise leibhéal íseal aibíochta na dteicneolaíochtaí agus an suaitheadh a bhaineann leo. Sa chéim forbartha, a thagann tar éis na céime taighde agus teicneolaíochta, bíonn rioscaí agus costais shuntasacha i gceist freisin lena gcuirtear bac ar shaothrú breise na dtorthaí taighde agus a mbíonn tionchar díobhálach acu ar iomaíochas agus ar nuálaíocht thionscal cosanta an Aontais.
- (5) Leis an gCiste, níor cheart tacú le buntaighde glan, ar cheart é a mhaoiniú trí scéimeanna eile, ach féadfar buntaighde a bhaineann le cosaint, ar dócha é a bheith mar bhonn an réitigh ar fhadhbanna nó féidearthachtaí aitheanta nó ionchasacha, a chur san áireamh.
- (6) D'fhéadfaí, leis an gCiste, tacú le bearta maidir le táirgí agus teicneolaíochtaí nua agus le huasghrádú táirgí agus teicneolaíochtaí atá ann cheana, i gcás nach mbeidh úsáid na faisnéise atá ann cheana atá ag teastáil chun beart an uasghrádaithe a dhéanamh faoi réir srianadh ag tríú tíortha neamhchomhlachaithe ná ag eintitis de chuid tríú tíortha neamhchomhlachaithe. Nuair a chuireann eintitis dhlíthiúla isteach ar chistiú ón Aontas, ba cheart ceangal a chur orthu an fhaisnéis ábhartha a chur ar fáil chun an easpa srianta a shuí. In éagmais na fianaise sin, níor cheart cistiú a thabhairt ón Aontas.
- (7) D'fhonn a áirithiú go n-urramófar oibleagáidí idirnáisiúnta an Aontais agus na mBallstát agus an Rialachán seo á chur chun feidhme, níor cheart go dtabharfaí cistiú faoin gCiste do bhearta a bhaineann le táirgí nó le teicneolaíochtaí a bhfuil a n-úsáid, a bhforbairt nó a dtáirgeadh toirmisceithe faoin dlí idirnáisiúnta. I ndáil leis an méid sin, na bearta a bhaineann le táirgí nó teicneolaíochtaí cosanta nua, amhail na cinn sin a dheartar go sonrach chun ionsaithe marfacha a dhéanamh gan aon rialú ag an duine ar na cinntí comhraic, ba cheart go mbeadh incháilitheacht na mbeart sin faoi réir forbairtí sa dlí idirnáisiúnta freisin.
- (8) Leis an deacracht atá ann comhaontú a fháil maidir le ceanglais chomhdhlúite acmhainní cosanta agus sonraíochtaí nó caighdeáin theicniúla choiteanna, cuirtear isteach ar chomhoibriú trasteorann idir na Ballstáit agus idir eintitis dhlíthiúla bunaithe i mBallstáit éagsúla. Mar thoradh ar éagmais na gceanglas, na sonraíochtaí agus na gcaighdeán sin, tá ilroinnt mhéadaithe in earnáil na cosanta, agus tá castacht theicniúil, moilleanna, costais bhoilscithe agus idir-inoibritheacht laghdaithe ann. Ba cheart an comhaontú maidir le sonraíochtaí theicniúla coiteanna a bheith ina réamhchoinníoll le haghaidh bearta a bhfuil leibhéal níos airde um ullmhacht teicneolaíochta ag baint leo. Maidir le gníomhaíochtaí na mBallstát as a n-eascraíonn ceanglais choiteanna acmhainní cosanta agus staidéir thacaíochta, chomh maith le bearta arb é is aidhm dóibh tacú le sainmhíniú comhchoiteann ar shonraíochtaí nó caighdeáin theicniúla a bhunú, ba cheart na gníomhaíochtaí sin a bheith incháilithe chomh maith.

- (9) Ós rud é gurb é cuspóir an Chiste tacú le hiomaíochas agus nuálaíocht thionscal cosanta an Aontais trí ghníomhaíochtaí comhoibríocha sa taighde agus sa teicneolaíocht chosanta a ghíaráil agus a chomhlánú agus tríd an riosca a bhaint de chéim forbartha tionscadal comhoibritheach, ba cheart bearta a bhaineann le taighde agus forbairt táirge nó teicneolaíochta cosanta a bheith incháilithe chun leas a bhaint as an gCiste. Beidh feidhm aige sin freisin maidir le huasghrádú táirgí agus teicneolaíochtaí cosanta atá ann cheana agus lena n-idirinoibritheacht.
- (10) Ós rud é gurb é is aidhm shonrach don Chiste comhar idir eintitis dhlíthiúla agus na Ballstáit ar fud na hEorpa a fheabhsú, níor cheart beart a bheith incháilithe do chistiú ach amháin má dhéantar é trí chomhar idir, ar a laghad, trí eintiteas dlíthiúla atá lonnaithe i dtír Bhallstát agus/nó i dtír thír chomhlachaithe éagsúla ar a laghad. Níor cheart don eintiteas dlíthiúil céanna rialú díreach nó indíreach a dhéanamh le fírinne ar thrí cinn, ar a laghad, de na heintitis dhlíthiúla incháilithe atá bunaithe in dhá Bhallstát agus/nó in dhá thír chomhlachaithe éagsúla ar a laghad, agus níor cheart dóibh rialú a dhéanamh ar a chéile. Chun borradh a chur faoin gcomhar idir na Ballstáit, féadfar leis an gCiste tacú le soláthar réamhthrachtála comhpháirteach.
- (11) De bhun [tagairt le nuashonrú mar is iomchuí de réir cinneadh nua maidir le tíortha agus críocha thar lear: Airteagal 94 de Chinneadh 2013/755/AE⁷ ón gComhairle], tá eintitis atá bunaithe i dtíortha agus críocha thar lear le bheith incháilithe do chistiú faoi réir rialacha agus chuspóirí an Chiste agus faoi réir aon socrú féideartha is infheidhme maidir leis an mBallstát lena mbaineann an tír nó an chríoch thar lear.
- (12) Ós rud é gurb é is aidhm don Chiste iomaíochas, éifeachtúlacht agus neamhspleáchas thionscal cosanta an Aontais a threisiú, i bprionsabal níor cheart ach eintitis atá bunaithe san Aontas nó i dtíortha comhlachaithe agus nach bhfuil faoi réir rialú ag tríú tíortha neamhchomhlachaithe nó ag eintitis de chuid tríú tíortha neamhchomhlachaithe a bheith incháilithe do thacaíocht. Ina theannta sin, d'fhonn cosaint leasanna slándála agus cosanta riachtanacha an Aontais agus na mBallstát a áirithiú, níor cheart an bonneagar, na saoráidí, na sócmhainní nó na hacmhainní arna n-úsáid ag faighteoirí agus a bhfochonraitheoirí i mbearta a fhaigheann tacaíocht faoin gCiste a bheith lonnaithe ar chríoch tríú tíortha neamhchomhlachaithe.
- (13) In imthosca áirithe, má tá sé riachtanach chun cuspóirí an bhirt a ghnóthú, ba cheart go bhféadfar maolú ar an bprionsabal nár cheart faighteoirí agus a bhfochonraitheoirí a bheith faoi réir rialú ag tríú tíortha neamhchomhlachaithe nó ag eintitis de chuid tríú tíortha neamhchomhlachaithe. Ar an mbonn sin, féadfaidh eintitis dhlíthiúla bunaithe san Aontas atá á rialú ag tríú tíortha neamhchomhlachaithe nó ag eintiteas de chuid tríú tíortha neamhchomhlachaithe a bheith incháilithe i gcás ina gcomhlíonfar na coinníollacha ábhartha dochta a bhaineann le leasanna slándála agus cosanta an Aontais agus na mBallstát. Níor cheart cuspóirí an Chiste a shárú le rannpháirtíocht na n-eintiteas sin. Ba cheart d'iarratasóirí an fhaisnéis uile is ábhartha faoin mbonneagar, na saoráidí, na sócmhainní agus na hacmhainní atá le húsáid sa bheart a sholáthar.

⁷ Cinneadh 2013/755/AE ón gComhairle an 25 Samhain 2013 maidir le comhlachas na dtíortha agus na geríoch thar lear leis an Aontas Eorpach (an Cinneadh maidir le Comhlachas Thar Lear) (IO L 344, 19.12.2013, lch. 1).

- (14) I gcás inar mian le cuibhreannas a bheith rannpháirteach i mbeart incháilithe agus ina bhfuil cúnamh airgeadais ón Aontas le tabhairt i bhfoirm deontais, ba cheart don chuibhreannas duine dá chomhaltaí a cheapadh mar chomhordaitheoir a bheidh ina phríomhtheagmhálaí.
- (15) I gcás ina ndéanfaidh bainisteoir tionscadail arna cheapadh ag na Ballstáit nó ag tíortha comhlachaithe bainistíocht ar bheart forbartha a dtacaíonn an Ciste leis, ba cheart don Choimisiún an bainisteoir tionscadail a chur ar an eolas sula ndéanfaidh sé an íocaíocht leis an bhfaighteoir ionas go bhféadfaidh an bainisteoir tionscadail a áirithiú go bhfuil na tréimhsí ama urramaithe ag na faighteoirí. In imthosca áirithe, d'fhéadfadh an bainisteoir tionscadail a bharúlacha ar dhul chun cinn an bhirt a sholáthar don Choimisiún ionas go bhféadfaidh an Coimisiún bailíochtú a dhéanamh ar chomhlíonadh na gcoinníollacha chun leanúint leis an íocaíocht.
- (16) Chun a áirithiú go mbeidh na bearta arna gcistiú inmharthana ó thaobh airgeadais de, is gá do na tairbhíthe a thaispeáint go gcumhdófar le modhanna cistithe eile costais an bhirt nach bhfuil cumhdaithe ag cistiú an Aontais.
- (17) Ba cheart cineálacha éagsúla socruithe airgeadais a bheith ar fáil do na Ballstáit chun acmhainní cosanta a fhorbairt agus a aimsiú ar bhonn comhpháirteach. Leis an raon uirlisí airgeadais arna fhorbairt ag an gCoimisiún, ba cheart cineálacha éagsúla socruithe a sholáthar a bhféadfaidh na Ballstáit iad a úsáid chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann leis an bhforbairt agus leis an soláthar comhoibrioch ó thaobh airgeadais de. Le húsáid na socruithe airgeadais sin, d'fhéadfaí seoladh tionscadal cosanta comhpháirteach a chothú agus éifeachtúlacht an chaiteachais cosanta a mhéadú, lena n-áirítear caiteachas le haghaidh tionscadail a fhaigheann tacaíocht faoin gCiste Eorpach Cosanta.
- (18) Mar gheall ar shainiúlachtaí an tionscail cosanta ina n-eascraíonn an t-éileamh ar fad beagnach as na Ballstáit agus as tíortha comhlachaithe, a rialaíonn freisin aimsiú iomlán na dtáirgí agus na teicneolaíochtaí a bhaineann leis an gcosaint, lena n-áirítear onnmhairí, tá feidhmiú na hearnála cosanta uathúil agus dá bharr sin ní leantar na gnáthrialacha ná na gnáthmhúnlaí gnó lena rialaítear margaí níos traidisiúnta. Dá bhrí sin, ní féidir leis an earnáil tionsclaíochta tabhairt faoi thionscadail Taighde agus Forbartha cosanta shuntasacha fhéinmhaoinithe agus is iad na Ballstáit agus na tíortha comhlachaithe a chistíonn costas iomlán an Taighde agus na Forbartha de ghnáth. Chun cuspóirí an Chiste a ghnóthú, go háirithe chun comhar idir cuideachtaí ó Bhallstáit agus ó thíortha comhlachaithe éagsúla a dhreasú, agus sonraíochtaí na hearnála cosanta á gcur san áireamh, ba cheart suas le hiomlán na gcostas incháilithe a chumhdach i gcás bearta a tharlaíonn roimh chéim forbartha na bhfréamhshamhlacha.
- (19) Is céim bharrthábhachtach í céim na bhfréamhshamhlacha ina gcinneann na Ballstáit nó na tíortha comhlachaithe de ghnáth ar a n-infheistíocht chomhdhlúite agus ina dtosaíonn siad an próiseas aimsithe i dtaca leis na táirgí agus teicneolaíochtaí cosanta a bheidh acu amach anseo. Is ar an gcúis sin, agus ag an gcéim shonrach sin, a chinneann na Ballstáit agus na tíortha comhlachaithe ar na gealltanais riachtanacha, lena n-áirítear comhroinnt costas agus úinéireacht an tionscadail. Chun inchreidteacht a ngealltanais a áirithiú, níor cheart cúnamh airgeadais an Aontais faoin gCiste dul thar 20 % de na costais incháilithe de ghnáth.
- (20) Maidir le bearta tar éis chéim na bhfréamhshamhlacha, ba cheart foráil maidir le cistiú suas le 80 %. Féadfaidh sé go mbeidh costais shuntasacha fós i gceist leis na bearta sin atá níos gaire do chríochnú an táirge agus na teicneolaíochta.
- (21) Tá costais indíreacha sonracha, amhail costais slándála, le híoc ag páirtithe leasmhara in earnáil na cosanta. Thairis sin, tá páirtithe leasmhara ag oibriú i margadh ar leith agus, gan aon éileamh ó cheannaitheoirí, ní féidir leo na costais taighde agus forbartha a ghnóthú mar a ghnóthaítear san earnáil shibhialtach. Dá bhrí sin, tá údar cuí ann ráta comhréidh 25 % a cheadú, chomh maith le féidearthacht a cheadú de réir an tionscadail chun muirearú a dhéanamh ar chostais

indíreacha arna ríomh i gcomhréir le gnáthchleachtais chuntasaíochta na dtairbhíthe, más rud é go nglacann a n-údaráis náisiúnta leis na cleachtais sin faoi scéimeanna cistithe náisiúnta inchomparáide, ar cuireadh in iúl iad don Choimisiún. Ba cheart don oifigeach údarúcháin atá freagrach údar cuí a thabhairt lena chinneadh glacadh le costais incháilithe indíreacha thar an ráta comhréidh 25 % sa chlár oibre nó sa ghlaio ar thograí.

- (22) Chun a áirithiú go gcuirfidh na bearta a mhaoineofar le hiomaíochas agus éifeachtúlacht thionscal cosanta na hEorpa, tá sé tábhachtach go bhfuil sé cheana féin beartaithe ag na Ballstáit an táirge deiridh a sholáthar go comhpháirteach nó an teicneolaíocht a úsáid go comhpháirteach, go háirithe trí sholáthar trasteorann comhpháirteach, ina n-eagraíonn na Ballstáit a nósanna imeachta soláthair ar bhonn comhpháirteach, go háirithe trí chomhlacht lárnach ceannaigh a úsáid.
- (23) Ba cheart an nuálaíocht agus an fhorbairt theicneolaíoch a chur chun cinn i dtionscal cosanta an Aontais ar dhóigh atá i gcomhréir le leasanna slándála agus cosanta an Aontais. Dá réir sin, maidir le rannchuidiú an bhirt leis na leasanna sin agus leis na tosaíochtaí maidir le taighde agus acmhainní cosanta arna gcomhaontú go comhchoiteann ag na Ballstáit, ba cheart an rannchuidiú sin a bheith ina chritéar dámhachtana. Laistigh den Aontas, tá na heasnamh choiteanna i dtaca le taighde agus acmhainní cosanta sainaitheanta i gcreat an Chomhbheartais Slándála agus Cosanta (CBSC), go háirithe tríd an gClár Straitéiseach Taighde Uileghabhálach agus tríd an bPlean Forbraíochta um Chumas. Le próisis eile de chuid an Aontais, amhail an tAthbhreithniú Comhordaithe Bliantúil ar Chosaint (CARD) agus an Buanchomhar Struchtúrtha (PESCO), tacófar le cur chun feidhme na dtosaíochtaí ábhartha trí dheiseanna do chomhar feabhsaithe a shainaithint agus a thabhairt chun cinn d'fhonn leibhéal uailmhéine an Aontais maidir le slándáil agus cosaint a chomhlíonadh. I gcás inarb iomchuí, féadfar tosaíochtaí réigiúnacha agus idirnáisiúnta, lena n-áirítear iad sin i gcomhthéacs Eagraíocht Chonradh an Atlantaigh Thuaidh (ECAT), a chur san áireamh freisin ar choinníoll go mbeidh siad i gcomhréir le tosaíochtaí an Aontais agus nach gcuirfidh siad bac ar aon Bhallstát nó tír chomhlachaithe a bheith rannpháirteach, agus é á chur san áireamh freisin gur cheart dubailt nach gá a sheachaint.
- (24) Le bearta incháilithe arna bhforbairt i gcomhthéacs an Bhuanachomhair Struchtúrtha (PESCO) i gcreat institiúideach an Aontais, ba cheart comhar feabhsaithe a áirithiú idir eintitis dhlíthiúla sna Ballstáit éagsúla ar bhonn leanúnach agus, ar an dóigh sin, rannchuideofaí go díreach le haidhmeanna an Chiste. Ar an gcaoi sin, ba cheart tionscadail den chineál sin a bheith incháilithe chun ráta cistiúcháin méadaithe a fháil, dá roghnófaí iad.
- (25) Cuirfidh an Coimisiún san áireamh gníomhaíochtaí eile arna maoiniú faoin gcreatchlár Fís Eorpach chun dubailt nach gá a sheachaint agus chun cros-toirchiú idir an taighde sibhialta agus an taighde cosanta a áirithiú.
- (26) Is dúshlán iad an chibearshlándáil agus an chibearchosaint a bhfuil a dtábhacht ag méadú i rith an ama agus d'aithin an Coimisiún agus an tArdionadaí go raibh gá ann sineirgíochtaí a bhunú idir bearta cibearchosanta laistigh de raon feidhme an Chiste agus tionscnaimh de chuid an Aontais i réimse na cibearshlándála, amhail iad sin a fógraíodh sa Teachtaireacht Chomhpháirteach maidir leis an gcibearshlándáil. Go sonrach, leis an Lárionad Eorpach um Inniúlachtaí Taighde, Teicneolaíochta agus Tionsclaíochta Cibearshlándála atá le bunú, ba cheart sineirgíochtaí a lorg idir na gnéithe sibhialtacha agus cosanta den chibearshlándáil. Leis sin, ba cheart tacú go gníomhach leis na Ballstáit agus gníomhaithe ábhartha eile trí chomhairle a sholáthar, saineolas a roinnt agus comhar a éascú i dtaca le tionscadail agus bearta agus, nuair a d'iarrfadh na Ballstáit air, ba cheart ról bainisteora tionscadail a bheith ag an Lárionad i ndáil leis an gCiste Eorpach Cosanta.

- (27) Ba cheart cur chuige comhtháite a áirithiú trí ghníomhaíochtaí a chumhdaítear faoin Réamhbheart maidir le Taighde Cosanta, ar sheol an Coimisiún é de réir bhrí Airteagal [58 (2) (b)] de Rialachán (AE, Euratom) 2018/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (an “Rialachán Airgeadais”), agus faoin gClár Eorpach Forbartha Tionscal i réimse na Cosanta, a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. ... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus chun na coinníollacha le haghaidh rannpháirtíochta a chomhchuíbhiú, chun tacar níos comhleanúnaí ionstraimí a chruthú, chun an tionchar nuálach, comhoibríoch agus eacnamaíoch a neartú, agus san am céanna dúbailt agus ilroinnt nach gá a sheachaint. Leis an gcur chuige comhtháite sin, chabhrófaí, leis an gCiste, le torthaí an taighde cosanta a shaothrú níos fearr, rud lena ndúnfaí an bhearna idir an taighde agus an fhorbairt agus san am céanna sainiúlachtaí na hearnála cosanta á gcur san áireamh, agus chuirfí gach cineál nuálaíochta chun cinn, lena n-áirítear an nuálaíocht shuaiteach inar cheart glacadh leis go bhféadfaí teipeanna a bheith ann.
- (28) Ina theannta sin, tabharfar aghaidh ar chuspóirí beartais an Chiste seo le hionstraimí airgeadais agus le ráthaíochtaí buiséadacha faoi ghné bheartais nó faoi ghnéithe beartais [...] an Chiste InvestEU.
- (29) Ba cheart tacaíocht airgeadais a úsáid, ar bhealach comhréireach, chun aghaidh a thabhairt ar theipeanna margaidh nó ar chásanna infheistíochta fo-optamacha agus níor cheart, de thoradh na mbeart, maoiniú príobháideach a dhúbailt ná a phlódú ná níor cheart an iomaíocht a shaobhadh sa mhargadh inmheánach. Ba cheart breisluach Eorpach soiléir a bheith leis na bearta.
- (30) Ba cheart na cineálacha maoinithe agus na modhanna cur chun feidhme faoin Rialachán seo a roghnú ar bhonn an chumais atá acu cuspóirí sonracha na mbeart a ghnóthú agus torthaí a bhaint amach, agus aird á tabhairt, go háirithe, ar chostais rialuithe, ar an ualach riaracháin, agus ar an riosca neamh-chomhlíontachta a mheastar a bheith ann. Mar chuid de sin, ba cheart cuimhneamh ar úsáid a bhaint as cnapshuimeanna, rátaí comhréidhe agus costas aonaid, agus maoiniú nach mbaineann le costais, dá dtagraítear in Airteagal [125(1)] den Rialachán Airgeadais.
- (31) Ba cheart don Choimisiún cláir oibre bhliantúla nó ilbhliantúla a chruthú i gcomhréir le cuspóirí an Chiste. Ba cheart don Choimisiún cúnamh a fháil ó choiste de chuid na mBallstát chun an clár oibre a bhunú. Chun tairbhe a bhaint as an saineolas atá aici san earnáil cosanta, tabharfar don Gníomhaireacht Eorpach um Chosaint (GEC) stádas breathnóra sa choiste. I bhfianaise na sainiúlachtaí i réimse na cosanta, ba cheart don tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS) cúnamh a thabhairt i gcoiste na mBallstát freisin.
- (32) Chun dálaí aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún i dtaca leis an gclár oibre a ghlacadh agus leis an gcistiú a dhámhachtain ar bhearta forbartha roghnaithe. Go sonrach, agus bearta forbartha á gcur chun feidhme, ba cheart sainiúlachtaí na hearnála cosanta, go háirithe freagracht na mBallstát agus/nó na dtíortha comhlachaithe maidir leis an bpróiseas pleanála agus aimsithe, a chur san áireamh. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) [Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle]⁸.

⁸ Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

- (33) D'fhoill tacú le margadh inmheánach oscailte, ba cheart rannpháirtíocht FBManna agus cuideachtaí meánchaipitlithe trasteorann, mar chomhaltaí cuibhreannas nó mar fhochonraitheoirí, a spreagadh.
- (34) Ba cheart don Choimisiún iarracht a dhéanamh idirphlé a bheith aige i gcónaí leis na Ballstáit agus leis an tionscal chun a áirithiú go mbeidh rath ar an gCiste.
- (35) Leagtar síos leis an Rialachán seo imchlúdach airgeadais don Chiste Eorpach Cosanta arb éard a bheidh ann an príomh-mhéid tagartha, de réir bhrí [an comhaontú idirinstiúideach nua] idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún maidir leis an smacht buiséadach, le comhar in ábhair bhuiséadacha agus le bainistíocht fhónta airgeadais⁹, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle le linn an nós imeachta bhuiséadaigh bhliantúil.
- (36) Tá feidhm ag an Rialachán Airgeadais maidir leis an gCiste, mura sonraítear a mhalairt. Leis sin leagtar síos rialacha maidir le cur chun feidhme bhuiséad an Aontais, lena n-áirítear na rialacha maidir le deontais, duaiseanna, soláthar, cúnamh airgeadais, ionstraimí airgeadais agus ráthaíochtaí buiséadacha.
- (37) Tá feidhm maidir leis an Rialachán seo ag rialacha airgeadais cothrománacha a ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar bhonn Airteagal 322 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Leagtar síos na rialacha sin sa Rialachán Airgeadais agus cinntear leo, go háirithe, an nós imeachta maidir leis an mbuiséad a bhunú agus a chur chun feidhme le deontais, soláthar, duaiseanna agus cur chun feidhme indéiríoch, agus foráiltear leo maidir le seiceálacha ar fhreagracht na ngníomhaithe airgeadais. Baineann na rialacha arna nglacadh ar bhonn Airteagal 322 CFAE freisin le cosaint bhuiséad an Aontais i gcás easnamh ginearálaithe maidir leis an smacht reachta sna Ballstáit, toisc go bhfuil an urraim don smacht reachta ina réamhchoinníoll riachtanach maidir le bainistíocht fhónta airgeadais agus cistiú éifeachtach an Aontais.
- (38) I gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais, Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁰, Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2988/95 ón gComhairle¹¹, Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle¹² agus Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle¹³, déanfar leasanna airgeadais an Aontais a chosaint trí bhearta comhréireacha, lena n-áirítear trí neamhrialtachtaí agus calaois a chosc, a bhrath, a cheartú agus a fhiosrú, cistí a cailleadh, a íocadh go mícheart nó a úsáideadh go mícheart a ghnóthú agus, i gcás inarb iomchuí, smachtbhannaí riaracháin a fhorchur. Go háirithe, i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 agus Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96, féadfaidh an

⁹ Tagairt le nuashonrú: IO L 373, 20.12.2013, lch. 1. Is féidir teacht ar an gcomhaontú ag: http://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=uriserv:OJ.C_.2013.373.01.0001.01.ENG&toc=OJ.C:2013:373:TOC

¹⁰ Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle (IO L 248, 18.9.2013, lch. 1).

¹¹ Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95 ón gComhairle an 18 Nollaig 1995 maidir le leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint (IO L 312, 23.12.95, lch. 1):

¹² Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle an 11 Samhain 1996 maidir le seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair arna ndéanamh ag an gCoimisiún chun leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint ar chalaois agus neamhrialtachtaí eile (IO L 292, 15.11.1996, lch. 2).

¹³ Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2017 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ("OIPE") (IO L 283, 31.10.2017, lch. 1).

Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) imscrúduithe riaracháin a dhéanamh, lena n-áirítear seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair, d'fhonn a shuí ar tharla calaois, éilliú nó aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais. I gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/1939, féadfaidh Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) calaois agus ciontaí coiriúla eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais a imscrúdú agus a ionchúiseamh, mar a fhoráiltear dó i dTreoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁴. I gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais, ní mór d'aon duine nó d'aon eintiteas a fhaigheann cistí ón Aontas comhoibriú go hiomlán i gcosaint leasanna airgeadais an Aontais agus na cearta agus an rochtain is gá a thabhairt don Choimisiún, do OLAF, do OIPE agus do Chúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE) agus ní mór dó a áirithiú go dtabharfaidh aon tríú páirtí a bheidh páirteach i gcur chun feidhme cistí de chuid an Aontais cearta coibhéiseacha.

- (39) Féadfaidh tríú tíortha ar comhaltaí iad den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE) a bheith páirteach i gclár de chuid an Aontais faoi chuimsiú an chomhair arna bhunú faoin gcomhaontú leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, ina ndéantar foráil maidir le cur chun feidhme na gclár a dhéanfar le cinneadh faoin gcomhaontú sin. Ba cheart foráil ar leith a thabhairt isteach leis an Rialachán seo chun na cearta agus an rochtain is gá a thabhairt don oifigeach údarúcháin freagrach, don Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus do Chúirt Iniúchóirí na hEorpa chun go bhféadfaidh gach ceann díobh a gcuid inniúlachtaí féin a fheidhmiú ar dhóigh chuimsitheach.
- (40) De bhun mhír 22 agus mhír 23 den Chomhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016, is gá an rialachán seo a mheas ar bhonn na faisnéise arna bailiú trí cheanglais faireacháin ar leith, agus ag an am céanna ró-rialáil agus ualaí riaracháin a sheachaint, go háirithe ar na Ballstáit. Ar na ceanglais sin is féidir a áireamh, i gcás inarb iomchuí, táscairí intomhaiste mar bhonn chun meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtaí an rialacháin ar an talamh. Ba cheart don Choimisiún meastóireacht eatramhach a dhéanamh tráth nach déanaí ná ceithre bliana ó thús chur chun feidhme an Chiste agus meastóireacht deiridh a dhéanamh ag deireadh thréimhse cur chun feidhme an Chiste, ina scrúdaítear na gníomhaíochtaí airgeadais i dtaca leis an gcur chun feidhme agus, a mhéid is féidir ag an bpointe ama sin, leis na torthaí agus leis an tionchar. Ba cheart anailís a dhéanamh sa tuarascáil sin freisin ar rannpháirtíocht trasteorann FBManna agus cuideachtaí meánchaipitlithe i dtionscadail a fhaigheann tacaíocht faoin gCiste, chomh maith le rannpháirtíocht FBManna agus cuideachtaí meánchaipitlithe sa slabhra luacha domhanda. Ina theannta sin, féadfaidh an Coimisiún leasuithe ar an Rialachán seo a mholadh de réir forbairtí a d'fhéadfaí a theacht chun cinn le linn chur chun feidhme an Chiste.
- (41) Tá tábhacht ag baint le dul i ngleic leis an athrú aeráide i gcomhréir leis na gealltanais atá tugtha ag an Aontas Comhaontú Pháras agus Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a chur chun feidhme, agus léiriú air sin is ea é go rannchuideoidh an Ciste seo le beart aeráide a phríomhshruthú i mbeartais an Aontais agus le gnóthú na sprice arb é atá inti 25 % de chaiteachas bhuiséad an Aontais a bheith ag tacú le cuspóirí aeráide. Sainithneofar bearta ábhartha le linn ullmhú agus chur chun feidhme an Chiste, agus déanfar athmheasúnú orthu mar chuid de mheastóireacht mheántearma an Chiste.

¹⁴ Treoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2017 maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise ar leasanna airgeadais an Aontais trí bhithin an dlí choiriúil (IO L 198, 28.7.2017, lch. 29).

- (42) Leis an gCiste, ní thacaítear ach le céimeanna taighde agus forbartha na dtáirgí agus na dteicneolaíochtaí cosanta agus, dá bhrí sin, i bprionsabal níor cheart úinéireacht ná cearta maoine intleachtúla (CMinna) a bheith ag an Aontas ar na táirgí nó teicneolaíochtaí a eascraíonn as na bearta arna gcistiú, ach amháin má thugtar cúnamh an Aontais trí bhíthin soláthair. Mar sin féin, i gcás bearta taighde, ba cheart an fhéidearthacht a bheith ag na Ballstáit agus na tíortha comhlachaithe leasmhara torthaí na mbearta arna gcistiú a úsáid agus a bheith rannpháirteach san fhorbairt chomhoibritheach leantach agus, dá bhrí sin, ba cheart maoluithe ar an bprionsabal sin a cheadú.
- (43) Le tacaíocht airgeadais an Aontais, níor cheart difear a dhéanamh d'aistriú táirgí a bhaineann le cosaint laistigh den Aontas i gcomhréir le Treoir 2009/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁵, ná d'onnmhairiú táirgí, trealaimh nó teicneolaíochtaí.
- (44) Maidir le húsáid faisnéise cúlra íogaire nó rochtain ag daoine neamhúdaraith ar thorthaí íogaire arna nginiúint ag tionscadail taighde, féadfaidh sé go mbeidh tionchar neamhfhabhrach aici ar leasanna an Aontais nó ar leasanna Ballstáit amháin nó níos mó. Dá bhrí sin, ba cheart láimhseáil sonraí rúnda agus faisnéis rúnaicmithe a rialú le dlíthe ábhartha uile an Aontais, lena n-áirítear rialacha inmheánacha na nInstitiúidí, amhail Cinneadh (AE, Euratom) 2015/444 ón gCoimisiún¹⁶.
- (45) Chun go bhféadfar táscairí na gconairí tionchair a fhorlíonadh nó a leasú, i gcás inar gá, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean don Choimisiún. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos sa Chomhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.
- (46) Ba cheart don Choimisiún an Ciste a bhainistiú, ag féachaint go cuí do na ceanglais rúndachta agus slándála, go háirithe i dtaca le faisnéis rúnaicmithe agus faisnéis íogair.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

¹⁵ Treoir 2009/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Bealtaine 2009 lena simplítear téarmaí agus coinníollacha aistrithe táirgí a bhaineann le cosaint laistigh den Chomhphobal (IO L 146, 10.6.2009, lch. 1).

¹⁶ Cinneadh (AE, Euratom) 2015/444 ón gCoimisiún an 13 Márta 2015 maidir leis na rialacha slándála chun faisnéis rúnaicmithe de chuid an Aontais Eorpaigh a chosaint (IO L 72, 17.3.2015, lch. 53)

TEIDEAL I FORÁLACHA COMHCHOITEANNA IS INFHEIDHME MAIDIR LE TAIGHDE AGUS FORBAIRT

CAIBIDIL I FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 1 Ábhar

Leis an Rialachán seo bunaítear an Ciste Eorpach Cosanta (“an Ciste”).

Leagtar síos leis cuspóirí an Chiste, an buiséad don tréimhse 2021-2027, na foirmeacha cistiúcháin ón Aontas agus na rialacha a bhaineann leis an gcistiú sin a sholáthar.

Airteagal 2 Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

- (1) ciallaíonn **“oibríochtaí measctha”** bearta a fhaigheann tacaíocht ó bhuiséad an Aontais, lena n-áirítear laistigh de shaoráidí measctha de bhun Airteagal [2(6)] den Rialachán Airgeadais, lena gcomhcheanglaítear foirmeacha neamh-iníoctha tacaíochta agus/nó ionstraimí airgeadais ó bhuiséad an Aontais d’fhoirmeacha iníoctha tacaíochta ó institiúidí forbartha nó institiúidí airgeadais poiblí eile, agus ó institiúidí airgeadais tráchtála agus infheisteoirí;
- (2) ciallaíonn **“rialú”** an cumas tionchar cinntitheach a fheidhmiú ar eintiteas dlíthiúil go díreach nó go hindíreach trí eintiteas dlíthiúil idirmheánach amháin nó níos mó;
- (3) ciallaíonn **“beart forbartha”** aon bheart arb é atá ann go príomha gníomhaíochtaí dírithe ar chosaint sa chéim forbartha, lena gcumhdaítear táirgí nó teicneolaíochtaí nua nó lena n-uasghrádaítear táirgí nó teicneolaíochtaí atá ann cheana, cé is moite d’armáin a tháirgeadh nó a úsáid;
- (4) ciallaíonn **“teicneolaíocht shuaiteach le haghaidh cosanta”** teicneolaíocht lena bhféadfar, de thoradh a cur i bhfeidhm, coincheapa agus riaradh gnóthaí cosanta a athrú ó bhonn;
- (5) ciallaíonn **“struchtúir bainistíochta feidhmiúcháin”** comhlacht nó comhlachtaí, arna gceapadh i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, a bhfuil an chumhacht acu straitéis, cuspóirí agus treo foriomlán an eintitis dhlíthiúil a shocrú, agus a dhéanann maoirseacht agus faireachán ar chinnteoireacht na bainistíochta;
- (6) ciallaíonn **“eintiteas dlíthiúil”** aon duine nádúrtha nó dlítheanach a bunaíodh mar eintiteas dlíthiúil agus a aithnítear mar eintiteas dlíthiúil faoin dlí náisiúnta, faoi dlí an Aontais nó faoin dlí idirnáisiúnta, a bhfuil pearsantacht dhlíthiúil aige agus a fhéadfaidh, ag gníomhú dó ina ainm féin, cearta a fheidhmiú agus a bheith faoi réir oibleagáidí, nó eintiteas nach bhfuil pearsantacht dhlíthiúil aige i gcomhréir le hAirteagal [197(2)(c)] den Rialachán Airgeadais;

- (7) ciallaíonn **“cuideachta meánchaipitlithe”** fiontar nach micrifhiontar, fiontar beag nó meánmhéide é (“FBM”) mar a shainmhínítear i Moladh 2003/361/CE ón gCoimisiún¹⁷ agus ag a bhfuil suas le 3 000 fostaí, i gcás ina ndéantar líon na foirne a ríomh i gcomhréir le hAirteagail 3, 4, 5 agus 6 de Theideal I d’Iarscríbhinn an Mholta sin;
- (8) ciallaíonn **“soláthar réamhthráchtála”** soláthar seirbhísí taighde agus forbartha lena mbaineann roinnt riosca-sochair faoi dhálaí margaidh, forbairt iomaíoch i gcéimeanna, ina bhfuil deighilt shoiléir idir na seirbhísí taighde agus forbartha arna soláthar ó chur in úsáid cainníochtaí tráchtála táirgí deiridh;
- (9) ciallaíonn **“bainisteoir tionscadail”** aon údarás conarthach a bunaíodh i mBallstát nó i dtír chomhlachaithe, ar chuir Ballstát nó tír chomhlachaithe nó grúpa Ballstát agus/nó grúpa tíortha comhlachaithe ar bun é chun tionscadail armála ilnáisiúnta a bhainistiú go buan nó ar bhonn *ad hoc*;
- (10) ciallaíonn **“faighteoir”** aon eintiteas dlíthiúil a fhaigheann cistiú faoin gCiste seo;
- (11) ciallaíonn **“beart taighde”** aon bheart arb é atá ann gníomhaíochtaí taighde lena ndírítear go heisiach ar fheidhmeanna cosanta;
- (12) ciallaíonn **“torthaí”** aon éifeacht inláimhsithe nó dholáimhsithe atá ag an mbeart, amhail sonraí, fios gnó nó faisnéis, is cuma cén fhoirm nó cineál í agus is cuma an féidir í a chosaint nó nach féidir, mar aon le haon cheart atá ag gabháil léi, lena n-áirítear cearta maoine intleachtúla;
- (13) ciallaíonn **“tuarascáil speisialta”** tuarascáil insoláthartha shonrach ar bheart taighde ina ndéantar achoimre ar na torthaí agus ina dtugtar faisnéis fhairsing ar na bunphrionsabail, na haidhmeanna, na torthaí iarbhir, na hairíonna bunúsacha, na tástálacha a rinneadh, na tairbhí ionchasacha, na feidhmeanna cosanta ionchasacha agus an chonair shaothraithe a mheastar a bheith i gceist leis an taighde;
- (14) ciallaíonn **“fréamhshamhail de chóras”** múnla de tháirge nó de theicneolaíocht lenar féidir feidhmíocht a léiriú i dtimpeallacht oibríochtúil;
- (15) ciallaíonn **“tríú tír”** tír nach bhfuil ina ball den Aontas;
- (16) ciallaíonn **“tríú tír neamhchomhlachaithe”** tríú tír nach tír chomhlachaithe í i gcomhréir le hAirteagal 5;
- (17) ciallaíonn **“eintiteas de chuid tríú tír neamhchomhlachaithe”** eintiteas dlíthiúil atá bunaithe i dtríú tír neamhchomhlachaithe nó a bhfuil a struchtúir bainistíochta feidhmiúcháin i dtríú tír neamhchomhlachaithe.

Airteagal 3 *Cuspóirí an Chiste*

1. Is é cuspóir ginearálta an Chiste iomaíochas, éifeachtúlacht agus acmhainn nuálaíochta thionscal cosanta na hEorpa a chothú, trí thacú le bearta comhoibríocha agus comhar trasteorann idir eintitis dhlíthiúla ar fud an Aontais, lena n-áirítear FBManna agus cuideachtaí

¹⁷ Moladh 2003/361/CE ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2003 maidir le micrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide a shainmhíniú (IO L 124, 20.5.2003, lch. 36).

meánchaipitlithe, agus trí shaothrú níos fearr a chothú maidir le hacmhainneacht thionsclaíoch na nuálaíochta, an taighde agus na forbartha teicneolaíche, ag gach céim den saolré tionsclaíoch, agus ar an dóigh sin cuirfear le neamhspleáchas straitéiseach an Aontais. Ina theannta sin, leis an gCiste, ba cheart cur le saoirse ghníomhaíochta an Aontais agus lena neamhspleáchas, go háirithe i dtéarmaí teicneolaíocha agus tionsclaíocha.

2. Beidh na cuspóirí sonracha seo a leanas ag an gCiste:
 - (a) tacú le tionscadail taighde chomhoibríocha a d'fhéadfadh borradh suntasach a chur faoi fheidhmíocht acmhainní nua, arb é is aidhm dóibh an nuálaíocht a uasmhéadú agus lena dtugtar isteach táirgí agus teicneolaíochtaí cosanta nua, lena n-áirítear cinn shuaiteacha;
 - (b) tacú le tionscadail forbartha chomhoibríocha ar tháirgí agus teicneolaíochtaí atá comhsheasmhach le tosaíochtaí acmhainne cosanta arna gcomhaontú ag na Ballstáit faoi chuimsiú an Chomhbheartais Eachtraigh agus Slándála, agus ar an dóigh sin cuirfear le héifeachtúlacht níos fearr i dtaca le caiteachas cosanta laistigh den Aontas, bainfear amach tuilleadh barainneachtaí scála, laghdófar an riosca ó dhúbailt nach gá agus, mar sin de, laghdófar ilroinnt táirgí agus teicneolaíochtaí cosanta ar fud an Aontais. Ar deireadh, de thoradh an Chiste, beidh idir-inoibritheacht níos fearr ann idir acmhainní na mBallstát.

Airteagal 4 *An buiséad*

1. Is é EUR 13 000 000 000 i bpraghsanna reatha a bheidh san imchlúdach airgeadais do chur chun feidhme an Chiste Eorpaigh Cosanta don tréimhse 2021 – 2027.
2. Maidir leis an méid dá dtagraítear i mír 1, seo a leanas a dháileadh tásach:
 - (a) suas le EUR 4 100 000 000 do bhearta taighde;
 - (b) suas le EUR 8 900 000 000 do bhearta forbartha.
3. Féadfar an méid dá dtagraítear i mír 1 a úsáid le haghaidh cúnamh teicniúil agus cúnamh riaracháin chun an Ciste a chur chun feidhme, amhail gníomhaíochtaí ullmhúcháin, faireacháin, rialaithe, iniúchóireachta agus meastóireachta, lena n-áirítear córais teicneolaíochta faisnéise chorparáideacha.
4. Úsáidfear suas le 5 % den imchlúdach airgeadais dá dtagraítear i mír 1 chun tacú le teicneolaíochtaí suaiteacha le haghaidh cosanta.
5. Féadfar acmhainní arna leithdháileadh ar na Ballstáit faoin mbainistíocht chomhroinnte a aistriú chuig an gCiste, má iarrann na Ballstáit sin. Déanfaidh an Coimisiún na hacmhainní sin a chur chun feidhme go díreach i gcomhréir le hAirteagal [62(1)(a)] den Rialachán Airgeadais. Úsáidfear na hacmhainní sin chun leas an Bhallstáit lena mbaineann a dhéanamh, más féidir.

Airteagal 5 *Tíortha comhlachaithe*

Beidh an Ciste oscailte do chomhaltaí de Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa (CSTE) ar comhaltaí iad den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE), i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos sa Chomhaontú maidir le LEE.

Airteagal 6
Tacaíocht do theicneolaíochta suaiteacha le haghaidh cosanta

1. Déanfaidh an Coimisiún cistiú a dhámhachtain trí chomhairliúcháin oscailte phoiblí ar na réimsí idirghabhála a shainmhínítear sna cláir oibre.
2. Féadfaidh an Coimisiún, ar bhonn cás ar chás, an cineál cistithe is iomchuí a aimsiú chun réitigh nuálacha a mhaoiniú.

Airteagal 7
Eitic

1. Leis na bearta a dhéanfar faoin gCiste, comhlíonfar na prionsabail eitice agus an reachtaíocht náisiúnta, Aontais agus idirnáisiúnta ábhartha.
2. Déanfar tograí a scagadh go córasach chun na bearta sin lena dtarraingítear anuas saincheistanna eitice tromchúiseacha nó casta a shainaithint agus chun measúnú eitice a dhéanamh orthu. Déanfaidh an Coimisiún an scagadh agus na measúnuithe eitice le tacaíocht ó shaineolaithe ar eitic na cosanta. Déanfaidh an Coimisiún trédhearcacht na nósanna imeachta eitice a áirithiú a mhéid is féidir.
3. Gheobhaidh na heintitis atá rannpháirteach sa bheart gach formheas nó gach doiciméad éigeantach eile ó na coistí ábhartha náisiúnta agus áitiúla nó ó chomhlachtaí eile amhail údarais cosanta sonraí sula gcuirfear tús leis na gníomhaíochtaí ábhartha. Coinneofar na doiciméid sin ar taifead agus cuirfear ar fáil don Choimisiún iad.
4. I gcás inarb iomchuí, déanfaidh an Coimisiún seiceálacha eitice le linn chur chun feidhme an bheart. I gcás saincheistanna eitice tromchúiseacha nó casta, déanfaidh an Coimisiún na seiceálacha le tacaíocht ó shaineolaithe ar eitic na cosanta.
5. Féadfar bearta nach bhfuil inghlactha ó thaobh eitice de a dhiúltú nó a fhoirceannadh tráth ar bith.

CAIBIDIL II **FORÁLACHA AIRGEADAIS**

Airteagal 8
Cur chun feidhme agus foirmeacha cistiúcháin ón Aontas

1. Is tríd an mbainistíocht dhíreach a chuirfear an Ciste chun feidhme i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais.
2. Féadfar cistiú a sholáthar ón gCiste, agus an cistiú sin in aon cheann de na foirmeacha a leagtar síos sa Rialachán Airgeadais, go háirithe deontais, duaiseanna agus soláthar. Féadfar maoiniú i bhfoirm ionstraimí airgeadais laistigh d'oibríochtaí measctha a sholáthar freisin.

Airteagal 9
Cistiú carnach, comhlántach agus comhcheangailte

1. I gcás beart ag a bhfuil ranníocaíocht faighte ó chlár eile de chuid an Aontais, féadfar ranníocaíocht a fháil faoin gCiste seo freisin, ar choinníoll nach gcumhdófar leis na ranníocaíochtaí na costais chéanna. Beidh feidhm ag na rialacha a bhaineann le gach clár/Ciste ranníocaíochta de chuid an Aontais maidir lena ranníocaíocht chomhfhreagrach féin

leis an mbeart. Ní bheidh an cistiú carnach níos airde ná na costais incháilithe iomlána a bhaineann leis an mbeart agus féadfar an tacaíocht ó na cláir éagsúla de chuid an Aontais a ríomh ar bhonn *pro rata* i gcomhréir leis na doiciméid ina leagtar amach na coinníollacha maidir le tacaíocht.

2. Maidir le bearta a dtugtar dearbhú Séala Barr Feabhais dóibh, nó bearta lena gcomhlíontar na coinníollacha carnacha, comparáideacha seo:
 - (a) go ndearnadh measúnú orthu i nglao ar thograí faoin gCiste;
 - (b) go gcomhlíontar leo íoscheanglais cháilíochta an ghlaio sin ar thograí;
 - (c) nach bhféadfar iad a mhaoiniú faoin nglao sin ar thograí i ngeall ar shrianta buiséadacha,

féadfaidh na bearta sin tacaíocht a fháil ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, ón gCiste Comhtháthaithe, ó Chiste Sóisialta na hEorpa nó ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe, i gcomhréir le mír 5 d'Airteagal [65] de Rialachán (AE) XX (Rialachán na bhForálacha Coiteanna] agus Airteagal [8] de Rialachán (AE) XX [maidir leis an gComhbheartas Talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air], ar choinníoll go bhfuil bearta den sórt sin comhsheasmhach le cuspóirí an chláir lena mbaineann. Beidh feidhm ag rialacha an Chiste lena gcuirfear tacaíocht ar fáil.

CAIBIDIL III DEONTAIS

Airteagal 10 Eintitis incháilithe

1. Beidh iarratasóirí agus a bhfochonraitheoirí incháilithe do chistiú ar choinníoll go bhfuil siad bunaithe san Aontas nó i dtír chomhlachaithe, go bhfuil a struchtúir bainistíochta feidhmiúcháin san Aontas nó i dtír chomhlachaithe agus nach bhfuil siad á rialú ag tríú tír neamhchomhlachaithe nó ag eintiteas de chuid tríú tír neamhchomhlachaithe.
2. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh sé go mbeidh iarratasóir atá bunaithe san Aontas nó i dtír chomhlachaithe agus atá á rialú ag tríú tír neamhchomhlachaithe nó ag eintiteas de chuid tríú tír neamhchomhlachaithe incháilithe do chistiú, má tá sin riachtanach chun cuspóirí an bhirt a ghnóthú agus ar choinníoll nach gcuirfear, lena rannpháirtíocht, leasanna slándála an Aontais agus na mBallstát i mbaol. Chun cosaint leasanna slándála an Aontais agus na mBallstát a áirithiú, leis an nglao ar thograí ceanglófar ar an iarratasóir faisnéis a sholáthar lena léirítear go sonrach an méid seo a leanas:
 - (a) nach bhfeidhmeofar an rialú ar an iarratasóir ar bhealach lena gcuirfear bac, ar aon slí, lena chumas an beart a dhéanamh agus a chur i gcrích;
 - (b) go gcuirfear cosc le rochtain tríú tíortha neamhchomhlachaithe nó eintiteas de chuid tríú tíortha neamhchomhlachaithe ar fhaisnéis rúnaicmithe agus faisnéis íogair neamh-

rúnaicmithe a bhaineann leis an mbeart; go mbeidh imréiteach slándála náisiúnta, arna eisiúint ag Ballstát nó ag tír chomhlachaithe, ag na daoine a bheidh rannpháirteach sa bheart;

- (c) go bhfanfaidh torthaí an bhirt laistigh den tairbhí agus nach mbeidh siad faoi réir rialú nó srianta ag tríú tíortha neamhchomhlachaithe nó ag eintitis de chuid tríú tíortha neamhchomhlachaithe le linn an bhirt agus ar feadh tréimhse shonraithe tar éis é a thabhairt chun críche;

3. Beidh an bonneagar, na saoráidí, na sócmhainní agus na háiseanna ar fad arna maoiniú faoin gCiste lonnaithe ar chríoch an Aontais nó ar chríoch tíortha comhlachaithe. Thairis sin, agus beart incháilithe á dhéanamh acu, ní rachaidh tairbhíthe ná a bhfochonraitheoirí i gcomhar ach le heintitis dhlíthiúla atá bunaithe san Aontas nó i dtír chomhlachaithe agus nach bhfuil á rialú ag tríú tíortha neamhchomhlachaithe ná ag eintitis de chuid tríú tíortha neamhchomhlachaithe.
4. De mhaolú ar mhír 3, féadfaidh tairbhíthe agus a bhfochonraitheoirí atá rannpháirteach sa bheart úsáid a bhaint as a sócmhainní, bonneagar, saoráidí agus áiseanna atá lonnaithe nó á sealbhú ar chríoch tríú tír neamhchomhlachaithe má tá sin riachtanach chun cuspóirí an bhirt a ghnóthú agus ar choinníoll nach gcuirfear leasanna slándála an Aontais agus na mBallstát i mbaol. Faoi na coinníollacha céanna, agus beart incháilithe á dhéanamh acu, féadfaidh tairbhíthe agus a bhfochonraitheoirí dul i gcomhar le heintiteas atá bunaithe i dtír neamhchomhlachaithe. Maidir leis na costais a bhaineann le bonneagar, saoráidí, sócmhainní nó acmhainní den chineál sin a úsáid, agus le comhar den chineál sin, ní bheidh siad incháilithe faoin gCiste.
5. Chun cosaint leasanna slándála an Aontais agus na mBallstát a áirithiú, leis an nglao ar thograí nó leis an gcomhaontú deontais sonrófar coinníollacha breise. Beidh baint ag na coinníollacha sin, go háirithe, leis na forálacha maidir le húinéireacht thorthaí an bhirt agus maidir le rochtain ar fhaisnéis rúnaicmithe agus faisnéis íogair neamh-rúnaicmithe, agus leis na ráthaíochtaí i dtaca le slándáil an tsoláthair.
6. Soláthróidh na hiarratasóirí an fhaisnéis ábhartha ar fad is gá chun measúnú a dhéanamh ar na critéir incháilitheachta agus na coinníollacha dá dtagraítear i mír 1 go mír 4.
7. Iarratais a bhfuil fíoruithe faoi mhír 2 nó mír 4 ag teastáil ina leith, ní fhéadfar iad a chur isteach ach le comhaontú an Bhallstáit nó na tíre comhlachaithe ina bhfuil an t-iarratasóir bunaithe.
8. I gcás ina dtarlódh athrú le linn don bheart a bheith á chur chun feidhme lena bhféadfaí amhras a chaitheamh ar chomhlíonadh na gcritéar agus na gcoinníollacha sin, cuirfidh an tairbhí an Coimisiún ar an eolas agus measúnóidh an Coimisiún an bhfuil na critéir agus na coinníollacha sin fós á gcomhlíonadh agus tabharfaidh sé aghaidh ar an tionchar ionchasach ar chistiú an bhirt.
9. Chun críocha an Airteagail seo, ciallaíonn “fochonraitheoirí” fochonraitheoirí a bhfuil gaol conarthach díreach acu le tairbhí, le fochonraitheoirí eile ar a bhfuil ar a laghad 10 % de chostais iomlána incháilithe an bhirt á leithdháileadh, agus le fochonraitheoirí a bhféadfaidh sé go dteastóidh rochtain uathu ar fhaisnéis rúnaicmithe de réir Chinneadh (AE, Euratom) 2015/444 ón gCoimisiún d'fhonn an beart a dhéanamh.

Airteagal 11 *Bearta incháilithe*

1. Ní bheidh ach bearta lena gcuirtear na cuspóirí dá dtagraítear in Airteagal 3 chun feidhme incháilithe chun cistiú a fháil.

2. Leis an gCiste, cuirfear ar fáil tacaíocht do bhearta lena gcumhdaítear táirgí agus teicneolaíochtaí nua agus uasghrádú táirgí agus teicneolaíochtaí atá ann cheana, i gcás nach mbeidh úsáid na faisnéise atá ann cheana atá ag teastáil chun an t-uasghrádú a dhéanamh faoi réir srianadh, díreach nó indíreach, ag tríú tíortha neamhchomhlachaithe ná ag eintitis de chuid tríú tíortha neamhchomhlachaithe.
3. Beidh ceann amháin nó níos mó de na nithe seo a leanas i gceist le beart incháilithe:
 - (a) gníomhaíochtaí arb é is aidhm dóibh teicneolaíochtaí faisnéise agus cosanta nua, lenar féidir éifeachtaí suntasacha a bhaint amach i réimse na cosanta, a chruthú, a neartú agus a fheabhsú;
 - (b) gníomhaíochtaí arb é is aidhm dóibh idir-inoibritheacht agus athléimneacht a mhéadú, lena n-áirítear táirgeadh agus malartú slán sonraí, ardchumas a bhaint amach i ndáil le teicneolaíochtaí cosanta barrthábhachtacha, slándáil an tsoláthair a neartú nó éascaíocht a dhéanamh ar shaothrú éifeachtach torthaí le haghaidh táirgí agus teicneolaíochtaí cosanta;
 - (c) staidéir, amhail staidéir indéantachta chun iniúchadh a dhéanamh ar indéantacht teicneolaíochta, táirge, próisis, seirbhíse, réitigh nó staidrimh atá nua nó feabhsaithe agus a bhaineann leis an tionscal cosanta, agus tionscadail chun bailiú sonraí a stiúradh;
 - (d) dearadh táirge, comhpháirte inláimhsithe nó doláimhsithe nó teicneolaíochta cosanta, mar aon leis an sainmhíniú ar na sonraíochtaí teicniúla ar a ndearnadh dearadh den chineál sin a fhorbairt agus ar féidir tástálacha páirteacha chun riosca a laghdú i dtimpeallacht thionsclaíoch nó ionadaíoch a áireamh orthu;
 - (e) forbairt an mhúnla táirge, comhpháirte inláimhsithe nó doláimhsithe nó teicneolaíochta cosanta, lenar féidir feidhmíocht na heiliminte a léiriú i dtimpeallacht oibriochtúil (fréamhshamhail de chóras);
 - (f) tástálacha táirge, comhpháirte inláimhsithe nó doláimhsithe nó teicneolaíochta cosanta;
 - (g) cáiliú táirge, comhpháirte inláimhsithe nó doláimhsithe nó teicneolaíochta cosanta. Is éard atá sa cháiliú an próiseas iomlán lena léirítear go bhfuil na ceanglais shonraithe á gcomhlíonadh ag dearadh an táirge, na comhpháirte inláimhsithe nó doláimhsithe nó na teicneolaíochta cosanta. Leis an bpróiseas sin, cuirtear fianaise oibiachtúil ar fáil trína léirítear go bhfuil ceanglais áirithe a bhaineann le dearadh comhlíonta;
 - (h) deimhniú táirge, comhpháirte inláimhsithe nó doláimhsithe nó teicneolaíochta cosanta. Is éard atá sa deimhniú an próiseas trína ndeimhníonn údarás náisiúnta go bhfuil na rialacháin is infheidhme á gcomhlíonadh ag an táirge, comhpháirt inláimhsithe nó dholáimhsithe nó teicneolaíocht chosanta;
 - (i) forbairt na dteicneolaíochtaí nó na sócmhainní lena méadaítear éifeachtúlacht thar shaolré na dtáirgí agus na dteicneolaíochtaí cosanta;
 - (j) gníomhaíochtaí scaipthe, imeachtaí líonraithe agus gníomhaíochtaí múscailte feasachta.
4. Mura bhforáiltear a mhalairt sa chlár oibre dá dtagraítear in Airteagal 27, déanfar an beart i gcomhar le trí eintiteas dhlíthiúla ar a laghad atá bunaithe i dtrí Bhallstát agus/nó i dtrí thír chomhlachaithe éagsúla ar a laghad. Le linn chur chun feidhme iomlán an bhirt, ní dhéanfaidh an t-eintiteas dlíthiúil céanna rialú díreach nó indíreach le fírinne ar thrí cinn, ar a laghad, de na heintitis dhlíthiúla incháilithe atá bunaithe in dhá Bhallstát agus/nó in dhá thír chomhlachaithe éagsúla ar a laghad, agus ní dhéanfaidh siad rialú ar a chéile.
5. Ní bheidh feidhm ag mír 4 maidir le bearta dá dtagraítear i bpointí c) agus j) de mhír 3 agus maidir le bearta dá dtagraítear in Airteagal 6.

6. Maidir le bearta a bhaineann le forbairt táirgí nó teicneolaíochtaí a bhfuil a n-úsáid, a bhforbairt nó a dtáirgeadh toirmisceithe faoin dlí idirnáisiúnta is infheidhme, ní bheidh na bearta sin incháilithe.

Airteagal 12

Nós imeachta roghnúcháin agus dámhachtana

1. Féadfar deontais a dhámhachtain, gan glao ar thograí, d'eintitis dhlíthiúla atá sainaitheanta sa chlár oibre i gcomhréir le hAirteagal [195(e)] den Rialachán Airgeadais.
2. Déanfaidh an Coimisiún an cistiú a dhámhachtain do na bearta roghnaithe tar éis gach glao nó tar éis Airteagal [195(e)] den Rialachán Airgeadais a fheidhmiú.
3. Chun cistiú le haghaidh bearta forbartha a dhámhachtain, gníomhóidh an Coimisiún trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 28, mír 2.

Airteagal 13

Critéir dhámhachtana

1. Is ar bhonn na gcritéir seo a leanas a dhéanfar measúnú ar gach togra:
 - (a) rannchuidiú le barr feabhais nó acmhainneacht suaite i réimse na cosanta, go háirithe trína léiriú go n-eascróidh buntáistí suntasacha as na torthaí a bhfuiltear ag súil leo ón mbeart beartaithe, buntáistí nach bhfuil ag táirgí ná teicneolaíochtaí atá ann cheana féin;
 - (b) rannchuidiú le nuáil agus forbairt theicneolaíoch thionscal cosanta na hEorpa, go háirithe trína léiriú go n-áirítear sa bheart beartaithe cuir chuige agus coincheapa ceannródaíocha nuálacha, feabhsuithe teicneolaíocha nua a bhfuil gealladh fúthu don todhchaí nó feidhmiú teicneolaíochtaí nó coincheap nár feidhmíodh cheana in earnáil na cosanta;
 - (c) rannchuidiú le hiomaíochas thionscal cosanta na hEorpa, go háirithe trí dheiseanna margaidh nua a chruthú agus dlús a chur le fás cuideachtaí ar fud an Aontais;
 - (d) rannchuidiú le leasanna slándála agus cosanta an Aontais i gcomhréir leis na tosaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 3, mír 2 agus, i gcás inarb iomchuí, i gcomhaontuithe comhoibritheacha idirnáisiúnta agus réigiúnacha;
 - (e) rannchuidiú le comhar nua trasteorann a chruthú idir eintitis dhlíthiúla, go háirithe FBManna atá bunaithe sna Ballstáit agus/nó i dtíortha comhlachaithe, seachas iad sin ina bhfuil na heintitis sa chuibhreannas, nach FBManna iad, bunaithe;
 - (f) cáilíocht agus éifeachtúlacht chur chun feidhme an bhirt.
2. Faoi phointe (d) de mhír 1, féadfar tosaíochtaí réigiúnacha agus idirnáisiúnta a chur san áireamh, go háirithe chun dubailt nach gá a sheachaint, ar choinníoll go bhfónfar leo do leasanna slándála agus cosanta an Aontais agus nach n-eisiafar leo rannpháirtíocht aon Bhallstáit.

Airteagal 14

Ráta cómhaoinithe

1. Féadfaidh an Ciste suas le 100 % de chostais incháilithe bhirt a mhaoiniú, gan dochar do phrionsabal an chómhaoinithe.

2. De mhaolú ar mhír 1:
 - (a) maidir le bearta a shainmhínítear in Airteagal 11(3)(e), ní bheidh an cúnamh airgeadais ón gCiste níos airde ná 20 % de chostais incháilithe an bhirt,
 - (b) maidir le bearta a shainmhínítear in Airteagal 11(3) f) go h), ní bheidh an cúnamh airgeadais ón gCiste níos airde ná 80 % de chostais incháilithe an bhirt.
3. Maidir le bearta forbartha, méadófar an ráta cistithe sna cásanna seo a leanas:
 - (a) beart arna fhorbairt i gcomhthéacs an Bhuanchomhair Struchtúrtha arna bhunú le Cinneadh (CBES) 2017/2315 ón gComhairle an 11 Nollaig 2017, d'fhéadfadh sé go mbainfeadh sé leas as méadú 10 bpointe céatadán breise ar an ráta cistithe;
 - (b) bainfidh cuibhreannas leas as ráta cistithe a mhéadófar de réir pointí céatadán atá coibhéiseach le céatadán na gcostas incháilithe iomlán arna leithdháileadh ar FBManna atá bunaithe i mBallstát nó i dtír chomhlachaithe seachas iad sin ina bhfuil comhaltaí an chuibhreannais, nach FBManna iad, bunaithe;
 - (c) bainfidh cuibhreannas leas as ráta cistithe a mhéadófar de réir pointí céatadán atá coibhéiseach leis an gceathrú cuid de na costais incháilithe iomlána arna leithdháileadh ar chuideachtaí meánchaipitlithe atá bunaithe i mBallstát nó i dtír chomhlachaithe seachas iad sin ina bhfuil comhaltaí eile an chuibhreannais, nach FBManna ná cuideachtaí meánchaipitlithe iad, bunaithe;
 - (d) ní bheidh an méadú iomlán ar ráta cistithe birt níos airde ná 30 pointe céatadán.

Airteagal 15 *Acmhainn airgeadais*

De mhaolú ar Airteagal [198] den Rialachán Airgeadais:

- (a) ní fhíorófar an acmhainn airgeadais ach amháin le haghaidh an chomhordaitheora agus ní dhéanfar sin ach amháin má bhíonn an cistiú arna iarraidh ón Aontas cothrom le, nó níos mó ná, EUR 500 000. Mar sin féin, má tá bunús le hamhras a chur san acmhainn airgeadais, fíoróidh an Coimisiún acmhainn airgeadais iarratasóirí eile nó comhordaitheoirí atá faoi bhun na tairisí dá dtagraítear sa chéad abairt freisin;
- (b) ní fíorófar an acmhainn airgeadais i gcás eintiteas dlíthiúil a bhfuil a n-inmharthanacht ráthaithe ag Ballstát nó i gcás ollscoileanna;
- (c) i gcás acmhainn airgeadais atá ráthaithe ó thaobh struchtúir de ag eintiteas dlí eile, fíorófar acmhainn airgeadais an eintitis dlí sin freisin.

Airteagal 16 *Costais indíreacha*

1. Cinnfear costais incháilithe indíreacha trí ráta comhréidh 25 % de na costais incháilithe dhíreacha iomlána a chur i bhfeidhm, cé is moite de na costais incháilithe dhíreacha le haghaidh fochonraitheoireachta, tacaíocht airgeadais do thríú páirtithe agus aon chostas aonaid nó aon chnapshuim a bhfuil costais indíreacha san áireamh leo.
2. I gcás inarb iomchuí, féadfar costais incháilithe indíreacha thar an ráta comhréidh 25 % a chinneadh i gcomhréir le gnáthchleachtais cuntasáíochta costála an tairbhí ar bhonn costais indíreacha iarbhír ar choinníoll go nglacann údarais náisiúnta leis na cleachtais cuntasáíochta costála sin faoi scéimeanna cistiúcháin inchomparáide i gcomhréir le hAirteagal [185] den Rialachán Airgeadais agus go gcuirtear sin in iúl don Choimisiún.

Airteagal 17

Úsáid a bhaint as cnapshuim aonair nó ranníocaíocht nach mbaineann le costais

1. Maidir le deontais arna ndámhachtain do bhearta dá dtagraítear in Airteagal 11(3)(e) agus do bhearta eile ina maoiníonn Ballstáit agus/nó tíortha comhlachaithe tromlach an bhuiséid, féadfaidh an Coimisiún úsáid a bhaint as na nithe seo a leanas:
 - (a) ranníocaíocht nach mbaineann le costais dá dtagraítear in Airteagal [180(3)] den Rialachán Airgeadais agus atá bunaithe ar ghnóthú torthaí arna dtomhas trí thagairt a dhéanamh do gharspriocanna a socraíodh roimhe nó trí bhíthin táscairí feidhmíochta; nó
 - (b) cnapshuim aonair dá dtagraítear in Airteagal [182] den Rialachán Airgeadais agus atá bunaithe ar bhuiséad sealadach an bhirt arna fhormhuiniú cheana féin ag údaráis náisiúnta na mBallstát agus na dtíortha comhlachaithe cómhaoinithe.
2. Áireofar costais indíreacha sa chnapshuim.

Airteagal 18

Soláthar réamhthráchtála

1. Feadfaidh an tAontas tacú le soláthar réamhthráchtála trí dheontas a dhámhachtain d'údaráis chonarthaigh nó eintitis chonarthaigh mar a shainmhínítear i dTreoir 2014/24/AE¹⁸, Treoir 2014/25/AE¹⁹ agus Treoir 2009/81/CE²⁰ ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a bhfuil taighde agus forbairt seirbhísí cosanta á soláthar go comhpháirteach acu nó atá ag comhordú a nósanna imeachta soláthair go comhpháirteach.
2. Maidir leis na nósanna imeachta soláthair:
 - (a) beidh siad i gcomhréir le forálacha an Rialacháin seo;
 - (b) féadfaidh siad dámhachtain conarthaí iomadúla a údarú laistigh den nós imeachta céanna (ilfhoinsiú);
 - (c) déanfaidh siad foráil maidir le dámhachtain na gconarthaí ar an táirgeoir/na táirgeoirí is buntáistí go heacnamaíoch.

Airteagal 19

An Ciste Ráthaíochta

Le ranníocaíochtaí le sásra árachais fhrithpháirtigh, féadfar an riosca a bhaineann le gnóthú na gcistí atá dlite ag faighteoirí a chumhdach agus measfar gur ráthaíocht leordhóthanach é faoin Rialachán

¹⁸ Treoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar poiblí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE. (IO L 94, 28.03.2014, lch. 65).

¹⁹ Treoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar arna dhéanamh ag eintitis a fheidhmíonn in earnáil an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na seirbhísí poist agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/17/CE (IO L 94, 28.03.2014, lch. 243).

²⁰ Treoir 2009/81/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le comhordú na nósanna imeachta maidir le conarthaí oibreacha, conarthaí soláthair agus conarthaí seirbhíse áirithe arna ndámhachtain ag údaráis chonarthaigh nó ag eintitis i réimsí na cosanta agus na slándála, agus lena leasaítear Treoir 2004/17/CE agus Treoir 2004/18/CE (IO L 216, 20.08.2009, lch. 76).

Airgeadais. Beidh feidhm ag na forálacha a leagtar síos in [Airteagal X de] Rialachán XXX [comharba an Rialacháin maidir leis an gCiste Ráthaíochta].

CAIBIDIL IV FOIRMEACHA EILE CISTIÚCHÁIN ÓN AONTAS

Airteagal 20

Coinníollacha incháilitheachta le haghaidh soláthair agus duaiseanna

I gcás inar gá chun leas slándála riachtanach an Aontais agus na mBallstát a chosaint, leagfaidh an Coimisiún síos na coinníollacha incháilitheachta riachtanacha is infheidhme maidir leis an soláthar nó na duaiseanna a mhaoineítear faoin gCiste. Tabharfar aird ar leith, chun na críche sin, ar an ngá atá ann faighteoirí a bheith bunaithe san Aontas nó i dtíortha comhlachaithe chun tiomantas a thabhairt aon ghníomhaíocht ábhartha a dhéanamh laistigh den Aontas agus nach mbeidh faighteoirí á rialú le fírinne ag tríú tíortha neamhchomhlachaithe nó eintitis de chuid tríú tíortha neamhchomhlachaithe. Áireofar na coinníollacha sin sna doiciméid a bhaineann leis an soláthar nó duais, de réir mar is infheidhme, agus beidh feidhm acu maidir le saolré iomlán an chonartha a thiocfaidh ina dhiaidh.

Airteagal 21

Oibríochtaí measctha

Cuirfear oibríochtaí measctha arna gcinneadh faoin gCiste seo chun feidhme i gcomhréir leis an [rialachán InvestEU] agus le Teideal X den Rialachán Airgeadais.

TEIDEAL II

FORÁLACHA SONRACHA

IS INFHEIDHME MAIDIR LE TAIGHDE

Airteagal 22
Úinéireacht na dtorthaí

1. Beidh torthaí na mbeart faoi úinéireacht na dtairbhíthe a ghin iad. I gcás ina nginfídh eintitis dhlíthiúla torthaí go comhpháirteach, agus i gcás nach bhféadfar a rannchuidiú faoi seach a dhearbhu, nó i gcás nach bhféadfar na torthaí comhpháirteacha sin a scaradh, beidh na torthaí faoi úinéireacht chomhpháirteach na n-eintiteas dlíthiúil.
2. I gcás ina gcuirfear cúnamh ón Aontas ar fáil i bhfoirm soláthar poiblí, beidh na torthaí faoi úinéireacht an Aontais. Beidh cearta rochtana ag na Ballstáit agus ag na tíortha comhlachaithe ar na torthaí, saor in aisce, ach sin a iarraidh go sainráite.
3. Má bhíonn údar cuí leis, féadfaidh sé go gceanglófar leis an gcomhaontú deontais nach mbeidh torthaí na mbeart a fhaigheann tacaíocht ón gCiste faoi réir aon rialú nó srianadh, go díreach nó go hindíreach, ag eintiteas dlíthiúil idirmheánach amháin nó níos mó ná sin, lena n-áirítear i dtéarmaí aistriú teicneolaíochta ag tríú tír neamhchomhlachaithe nó eintiteas de chuid tríú tír neamhchomhlachaithe.
4. Má bhíonn údar cuí leis, leagfar síos leis an gcomhaontú deontais ceart an Choimisiúin fógra a fháil maidir le húinéireacht torthaí a aistriú chuig tríú tír neamhchomhlachaithe nó eintiteas de chuid tríú tír neamhchomhlachaithe, nó maidir le ceadúnas i ndáil le torthaí a dheonú ar thríú tír neamhchomhlachaithe nó eintiteas de chuid tríú tír neamhchomhlachaithe, agus ceart an Choimisiúin agóid a dhéanamh faoin aistriú nó deonú sin. Leis na haistrithe sin, ní shárófar leasanna cosanta agus slándála an Aontais agus na mBallstát ná cuspóirí an Rialacháin seo mar a leagtar amach in Airteagal 3.
5. Beidh cearta rochtana ag údarais náisiúnta na mBallstát agus na dtíortha comhlachaithe ar an tuarascáil speisialta ar thionscadal a fuair cistiú ón Aontas. Tabharfar na cearta rochtana sin saor ó ríchíosanna agus aistireoidh an Coimisiún iad chuig na Ballstáit agus tíortha comhlachaithe tar éis dó a áirithiú go bhfuil na hoibleagáidí rúndachta iomchuí i bhfeidhm.
6. Ní úsáidfídh údarais náisiúnta na mBallstát agus na dtíortha comhlachaithe an tuarascáil speisialta ach amháin chun críocha a bhaineann le húsáid i ndáil lena bhfórsaí armtha nó fórsaí slándála nó faisnéise, lena n-áirítear faoi chuimsiú a gclár comhoibritheach. Áireofar san úsáid sin staidéar, meastóireacht, measúnú, taighde, dearadh, forbairt, monaraíocht, feabhsú, modhnú, cothabháil, deisiú, athchóiriú, glacadh agus deimhniúchán táirgí, oibriú, oiliúint, diúscairt, seirbhísí deartha eile agus cur in úsáid táirgí eile, chomh maith le ceanglais theicniúla maidir le soláthar a mheasúnú agus a dhréachtú, ach ní bheidh an úsáid teoranta do na nithe sin.
7. Tabharfaidh na tairbhíthe cearta rochtana ar a dtorthaí saor ó ríchíosanna d'institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí de chuid an Aontais chun críocha cuí-réasúnaithe beartais agus cláir an Aontais a fhorbairt, a chur chun feidhme agus faireachán a dhéanamh orthu. Beidh na cearta rochtana sin teoranta d'úsáid neamhthráchtála agus neamhiomaíoch.
8. Déanfar forálacha sonracha maidir le húinéireacht, cearta rochtana agus ceadúnú a leagan síos sna comhaontuithe deontais agus sna conarthaí maidir le soláthar réamhthráchtála d'fhonn a áirithiú go nglacfar na torthaí a mhéid is féidir agus d'fhonn buntáistí míchuí a sheachaint. Beidh ar a laghad cearta rochtana saor ó ríchíosanna ar na torthaí le haghaidh a n-úsáide féin

ag na húdaráis chonarthacha, agus beidh an ceart acu ceadúnais neamheisiacha a dheonú do thríú páirtithe nó an ceart acu ceangal a chur ar fhaighteoirí iad a dheonú, chun na torthaí a shaothrú faoi choinníollacha córa réasúnacha, gan aon cheart a bheith ag na tríú páirtithe sin focheadúnas a dheonú. Beidh rochtain shaor in aisce ag gach Ballstát agus gach tír chomhlachaithe ar an tuarascáil speisialta. I gcás nach ndéanfaidh conraitheoir saothrú tráchtála ar na torthaí laistigh de thréimhse shocraithe tar éis an tsoláthair réamhthráchtála mar a shainaithnítear sa chonradh, aistreoidh sé úinéireacht na dtorthaí chuig na húdaráis chonarthacha.

TEIDEAL III

FORÁLACHA SONRACHA

IS INFHEIDHME MAIDIR LE FORBAIRT

Airteagal 23

Critéir incháilitheachta bhreise

1. I gcás inarb infheidhme, léireoidh an cuibhreannas go mbeidh na costais fuílligh a bhaineann le beart incháilithe nach bhfuil cumhdaithe ag tacaíocht ón Aontas cumhdaithe trí bhíthin bealaí maoiniúcháin eile, amhail ranníocaíochtaí na mBallstát agus/nó na dtíortha comhlachaithe nó cómhaoiniú ó eintitis dhlíthiúla.
2. Maidir le bearta dá dtagraítear i bpointe d) d’Airteagal 11 mír 3, bunófar an beart ar cheanglais acmhainní chomhchuibhithe arna gcomhaontú ag na Ballstáit ábhartha agus/nó ag na tíortha comhlachaithe ábhartha.
3. Maidir le bearta dá dtagraítear i bpointí e) go h) d’Airteagal 11 mír 3, léireoidh an cuibhreannas, trí bhíthin doiciméid arna n-eisiúint ag údaráis náisiúnta, an méid seo a leanas:
 - (a) go bhfuil sé beartaithe ag, ar a laghad, dhá Bhallstát agus/nó dhá thír chomhlachaithe an táirge deiridh a sholáthar nó an teicneolaíocht a úsáid ar bhealach comhordaithe, lena n-áirítear soláthar comhpháirteach;
 - (b) go bhfuil an beart bunaithe ar shonraíochtaí teicniúla coiteanna arna gcomhaontú ag na Ballstáit agus/nó na tíortha comhlachaithe a dhéanann an beart a chómhaoiniú.

Airteagal 24

Critéir dhámhachtana bhreise

Chomh maith leis na critéir dhámhachtana dá dtagraítear in Airteagal 13, leis an gclár oibre féadfar an méid seo a leanas a chur san áireamh:

- (a) rannchuidiú le héifeachtúlacht a mhéadú thar shaolré táirgí agus teicneolaíochtaí cosanta, lena n-áirítear cost-éifeachtúlacht agus an acmhainneacht le haghaidh sineirgíochtaí sa phróiseas soláthair agus cothabhála agus sna próisis diúscartha;
- (b) leibhéal an chomhair idir na Ballstáit sa bheart incháilithe.

Airteagal 25

Úinéireacht na dtorthaí

1. Ní bheidh na táirgí nó na teicneolaíochtaí a thiocfaidh as an mbeart faoi úinéireacht an Aontais agus ní bheidh aon chearta maoiní intleachtúla aige i dtaca le torthaí na mbeart.
2. Ní bheidh torthaí na mbeart a fhaigheann tacaíocht ón gCiste faoi réir aon rialú nó srianadh ag tríú tíortha neamhchomhlachaithe nó ag eintitis de chuid tríú tíortha neamhchomhlachaithe, go díreach nó go hindíreach, trí eintiteas dlíthiúil idirmheánach amháin nó níos mó ná sin, lena n-áirítear ó thaobh aistriú teicneolaíochta de.
3. Maidir le torthaí arna nginiúint ag faighteoirí, tabharfar fógra don Choimisiún faoi aon aistriú úinéireachta chuig tríú tíortha neamhchomhlachaithe nó faoi aon deonú ceadúnais dóibh. Le haistriú úinéireachta nó deonú ceadúnais den chineál sin, ní shárófar leasanna cosanta agus slándála an Aontais agus na mBallstát ná cuspóirí an Rialacháin seo mar a leagtar amach in Airteagal 3. I gcás ina sárófar, éileofar an cistiú arna chur ar fáil faoin gCiste a aisíoc.

4. De mhaolú ar mhír 1, i gcás ina gcuirfear an cúnamh ón Aontas ar fáil i bhfoirm soláthar poiblí, beidh na torthaí faoi úinéireacht an Aontais agus beidh an ceart, saor in aisce, ag na Ballstáit agus/nó na tíortha comhlachaithe ar cheadúnas neamheisiach chun na torthaí a úsáid, ach sin a iarraidh i scríbhinn.

Airteagal 26

An bainisteoir tionscadail a chur ar an eolas

I gcás ina gceapfaidh na Ballstáit agus tíortha comhlachaithe bainisteoir tionscadail, déanfaidh an Coimisiún an íocaíocht a fheidhmiú do na faighteoirí tar éis an bainisteoir tionscadail a chur ar an eolas.

TEIDEAL IV

RIALACHAS, FAIREACHÁN, MEASTÓIREACT AGUS RIALÚ

Airteagal 27

Cláir oibre

1. Cuirfear an Ciste chun feidhme le cláir oibre bhliantúla nó ilbhliantúla arna mbunú i gcomhréir le Airteagal [110] den Rialachán Airgeadais. Leagfar amach leis na cláir oibre, i gcás inarb infheidhme, an méid foriomlán arna chur i leataobh le haghaidh oibríochtaí measctha.
2. Déanfaidh an Coimisiún na cláir oibre a ghlacadh trí ghníomhartha cur chun feidhme i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 28 mír 2.

Airteagal 28

An coiste

1. Tabharfaidh coiste atá ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 cúnamh don Choimisiún. Tabharfar cuireadh don Gníomhaireacht Eorpach um Chosaint a bheith mar bhreathnóir ann lena barúlacha agus a saineolas a chur ar fáil. Tabharfar cuireadh freisin don tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí cúnamh a thabhairt.
2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

Airteagal 29

Saineolaithe neamhspleácha

1. Ceapfaidh an Coimisiún saineolaithe neamhspleácha chun cúnamh le meastóireacht a dhéanamh ar thograí de bhun Airteagal [237] den Rialachán Airgeadais. Chomh maith leis sin, féadfaidh sé saineolaithe neamhspleácha a cheapadh chun comhairle a thabhairt maidir le faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na mbeart arna ndéanamh agus chun cúnamh leis an bhfaireachán.
2. Is iad a bheidh ina saineolaithe neamhspleácha saoránaigh de chuid an Aontais arna sainaitheint agus arna roghnú ar bhonn glaonna ar léirithe spéise a seoladh chuig eagraíochtaí ábhartha amhail Aireachtaí Cosanta agus gníomhaireachtaí fo-ordaithe, institiúidí taighde, ollscoileanna, comhlachais ghnó nó frontair in earnáil na cosanta d'fhonn liosta saineolaithe a bhunú. De mhaolú ar Airteagal [237] den Rialachán Airgeadais, ní chuirfear an liosta sin ar fáil don phobal.
3. Beidh an t-imréiteach slándála iomchuí arna eisiúint ag Ballstát ag na saineolaithe neamhspleácha.
4. Chuirfear an Coiste dá dtagraítear in Airteagal 28 ar an eolas faoi liosta na saineolaithe ar bhonn bliantúil.
5. Roghnófar saineolaithe neamhspleácha ar bhonn na scileanna, na taithí agus an eolais is iomchuí chun na cúraimí a shanntar dóibh a dhéanamh.

Airteagal 30
Na rialacha maidir le faisnéis rúnaicmithe a chur i bhfeidhm

1. Faoi raon feidhme an Rialacháin seo:
 - (a) áiritheoidh gach Ballstát nó tír chomhlachaithe go dtabharfaidh a rialacháin slándála náisiúnta leibhéal cosanta d'fhaisnéis rúnaicmithe an Aontais Eorpaigh atá coibhéiseach leis an leibhéal cosanta a thugtar faoi na rialacha maidir le slándáil a leagtar amach i gCinneadh (AE, Euratom) 2015/444 ón gCoimisiún an 13 Márta 2015 maidir leis na rialacha slándála chun faisnéis rúnaicmithe de chuid an Aontais Eorpaigh a chosaint²¹, agus faoi rialacha slándála na Comhairle a leagtar amach sna hlarscríbhinní a ghabhann le Cinneadh 2013/488/AE²²;
 - (b) cuirfidh na Ballstáit agus na tíortha comhlachaithe an Coimisiún ar an eolas gan mhoill maidir leis na rialacháin slándála náisiúnta dá dtagraítear i bpointe (a);
 - (c) ní fhéadfaidh daoine nádúrtha a bhfuil cónaí orthu i dtríú tíortha neamhchomhlachaithe ná daoine dlítheanacha atá bunaithe i dtríú tíortha neamhchomhlachaithe déileáil le faisnéis rúnaicmithe an Aontais a bhaineann leis an gCiste ach amháin i gcás ina mbeidh siad faoi réir rialacháin slándála, sna tíortha sin, lena n-áiritheofar leibhéal cosanta atá coibhéiseach ar a laghad leis an leibhéal cosanta a thugtar faoi rialacha an Choimisiúin maidir le slándáil a leagtar amach i gCinneadh (AE, Euratom) 2015/444 ón gCoimisiún agus faoi rialacha slándála na Comhairle a leagtar amach sna hlarscríbhinní a ghabhann le Cinneadh 2013/488/AE. Saineofar coibhéis na rialachán slándála a chuirtear i bhfeidhm i dtríú tír nó in eagraíocht idirnáisiúnta i gcomhaontú um shlándáil faisnéise, lena n-airítear ábhair shlándála tionsclaíche, a thabharfar i gcrích idir an tAontas agus an tríú tír sin nó an eagraíocht idirnáisiúnta i gcomhréir leis an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 218 CFAE agus Airteagal 13 de Chinneadh 2013/488/AE á chur san áireamh;
 - (d) gan dochar d'Airteagal 13 de Chinneadh 2013/488/AE agus do na rialacha lena rialaítear réimse na slándála tionsclaíche mar a leagtar amach i gCinneadh (AE, Euratom) 2015/444, féadfar rochtain a thabhairt do dhuine nádúrtha nó do dhuine dlítheanach, do thríú tír nó d'eagraíocht idirnáisiúnta ar fhaisnéis rúnaicmithe an Aontais Eorpaigh i gcás ina measfar gur gá sin ar bhonn cás ar chás, de réir cineál agus inneachar faisnéise den sórt sin, de réir an ghá leis an bhfaighteoir a bheith ar an eolas agus de réir mhéid an bhuntáiste don Aontas.
2. Nuair a bhíonn faisnéis rúnaicmithe i gceist le bearta, nuair a éilítear faisnéis rúnaicmithe iontu, agus/nó nuair a bhíonn faisnéis rúnaicmithe iontu, sonróidh an comhlacht cistiúcháin ábhartha sa ghlaó ar thograí agus/nó sna doiciméid tairisceana na bearta agus ceanglais is gá chun slándáil faisnéise den sórt sin a áirithiú ar an leibhéal riachtanach.
3. Chun aistriú faisnéise íogaire a éascú idir an Coimisiún, na faighteoirí agus, i gcás inarb infheidhme, na Ballstáit, cuirfidh an Coimisiún córas um malartú leictreonach ar bun.

²¹ IO L 72, 17.3.2015, lgh. 53–88.

²² IO L 274, 15.10.2013, lgh. 1–50.

Airteagal 31
Faireachán agus tuairisciú

1. Leagtar amach san Iarscríbhinn na táscairí chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme agus ar dhul chun cinn an Chiste maidir le gnóthú na gcuspóirí ginearálta agus sonracha a leagtar síos in Airteagal 3.
2. Chun a áirithiú go ndéanfar measúnú éifeachtach ar dhul chun cinn an Chiste maidir le gnóthú a chuspóirí, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmhligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 36 chun an Iarscríbhinn a leasú d'fhonn na táscairí a athbhreithniú nó a chomhlánú i gcás ina measfar gur gá sin, agus chun an Rialachán seo a fhorlíonadh le forálacha maidir le creat faireacháin agus meastóireachta a bhunú.
3. Déanfaidh an Coimisiún faireachán rialta ar chur chun feidhme an Chiste agus cuirfidh sé tuarascáil bhliantúil isteach maidir leis an dul chun cinn a bheidh déanta. Chuige sin, cuirfidh an Coimisiún na socruithe faireacháin is gá i bhfeidhm.
4. Leis an gcóras tuairiscithe feidhmíochta, áiritheofar go mbaileofar na sonraí is gá chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an Chiste, agus na torthaí, ar dhóigh atá éifeachtúil, éifeachtach agus tráthúil. Chuige sin, forchuirfear ceanglais chomhréireacha tuairiscithe ar fhaighteoirí cistí ón Aontas.

Airteagal 32
Meastóireacht ar an gCiste

1. Déanfar meastóireachtaí go tráthúil sa dóigh agus go bhféadfar leas a bhaint astu sa phróiseas cinnteoireachta.
2. Déanfar meastóireacht eatramhach ar an gCiste a luaithe a bheidh faisnéis leordhóthanach ar fáil ar chur chun feidhme an Chiste, ach tráth nach déanaí ná ceithre bliana ó thús chur chun feidhme an Chiste. Áireofar sa tuarascáil ar an meastóireacht eatramhach go háirithe, measúnú ar rialachas an Chiste, rátaí cur chun feidhme, torthaí maidir le tionscadail a dhámhachtain lena n-áirítear rannpháirtíocht FBManna agus cuideachtaí meánchaipitlithe agus leibhéal a rannpháirtíochta trasteorann, agus cistiú arna dheonú i gcomhréir le hAirteagal [195] den Rialachán Airgeadais faoin 31 Iúil 2024. Féadfaidh an Coimisiún tograí a chur isteach maidir le haon leasú ábhartha ar an rialachán reatha.
3. I ndeireadh na tréimhse cur chun feidhme, ach tráth nach déanaí ná ceithre bliana tar éis an 31 Nollaig 2031, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht deiridh ar chur chun feidhme an Chiste. Áireofar sa tuarascáil ar an meastóireacht deiridh torthaí an chur chun feidhme agus, a mhéid is féidir de réir cúrsaí ama, tionchar an Chiste. Leis an tuarascáil – a bheidh mar fhorbairt ar chomhairliúcháin ábhartha leis na Ballstáit agus na tíortha comhlachaithe agus páirtithe leasmhara barrthábhachtacha – déanfar measúnú go háirithe ar an dul chun cinn a bheidh déanta maidir le gnóthú na gcuspóirí a leagtar amach in Airteagal 3. Déanfar anailís sa tuarascáil freisin ar rannpháirtíocht trasteorann, lena n-áirítear rannpháirtíocht FBManna agus cuideachtaí meánchaipitlithe i dtionscadail arna gcur chun feidhme faoin gCiste chomh maith le comhtháthú FBManna agus cuideachtaí meánchaipitlithe sa slabhra luacha domhanda. Beidh faisnéis sa mheastóireacht freisin maidir le tíortha tionscnaimh na bhfaighteoirí agus, i gcás inar féidir, dáileadh na gceart maoine intleachtúla arna nginiúint.
4. Cuirfidh an Coimisiún torthaí na meastóireachtaí chomh maith lena bharúlacha féin in iúl do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle, do Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus do Choiste na Réigiún.

Airteagal 33
Iniúchtaí

Iniúchtaí ar úsáid na ranníocaíochta ón Aontas arna ndéanamh ag daoine nó eintitis, lena n-áirítear daoine nó eintitis seachas iad sin ar thug Institiúidí nó comhlachtaí de chuid an Aontais sainordú dóibh, sin é an bonn a bheidh leis an gcinnteacht fhoriomlán de bhun Airteagal [127] den Rialachán Airgeadais. Scrúdóidh Cúirt Iniúchóirí na hEorpa na cuntais a bhaineann le hioncam agus caiteachas uile an Aontais de réir Airteagal 287 CFAE.

Airteagal 34
Leasanna airgeadais an Aontais a chosaint

I gcás ina mbeidh tríú tír rannpháirteach sa Chiste le cinneadh faoi chomhaontú idirnáisiúnta nó de bhua aon ionstraim dhlíthiúil eile, tabharfaidh an tríú tír na cearta agus an rochtain is gá don oifigeach údarúcháin atá freagrach, don Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus do Chúirt Iniúchóirí na hEorpa chun a n-inniúlachtaí ábhartha a fheidhmiú go cuimsitheach. I gcás OLAF, beidh an ceart iniúchtaí a dhéanamh, lena n-áirítear seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair, ar na cearta sin, rud dá bhforáiltear le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hiniúchtaí arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF).

Airteagal 35
Faisnéis, cumarsáid agus poiblíocht

1. Tabharfaidh faighteoirí cistithe ón Aontas aitheantas d'fhoinse an chistithe ón Aontas agus áiritheoidh siad infheictheacht an chistithe ón Aontas (go háirithe nuair a bhíonn na bearta agus a dtorthaí á bpoibliú) trí fhaisnéis spriocdhírthe atá comhleanúnach, éifeachtach agus comhréireach a sholáthar do shainghrúpaí éagsúla, lena n-áirítear na meáin agus an pobal.
2. Cuirfidh an Coimisiún chun feidhme bearta faisnéise agus cumarsáide a bhaineann leis an gCiste, agus lena bhearta agus torthaí. Leis na hacmhainní airgeadais arna leithdháileadh ar an gCiste, rannchuideofar le cumarsáid chorparáideach thosaíochtaí polaitiúla an Aontais freisin, a fhad a bhaineann siad leis na cuspóirí dá dtagraítear in Airteagal 3.

TEIDEAL V

GNÍOMHARTHA TARMLIGTHE, FORÁLACHA IDIRTHRÉIMHSEACHA AGUS FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 36

Gníomhartha tarmligthe

1. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 31 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.
2. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligeán na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 31 a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligeán na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.
3. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i gcomhairle le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.
4. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.
5. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 31 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Cuirfear síneadh dhá mhí leis an tréimhse sin ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

Airteagal 37

Aisghairm

1. Déantar Rialachán (AE) Uimh. .../.... (an Clár Eorpach Forbartha Tionscal i réimse na Cosanta) a aisghairm le héifeacht ón 1 Eanáir 2021.

Airteagal 38

Forálacha idirthréimhseacha

1. Ní dhéanfaidh an Rialachán seo difear do leanúnachas ná do mhodhnú na mbeart lena mbaineann, go dtí go gcuirfear clabhsúr orthu, faoi [Rialachán maidir leis an gClár Eorpach Forbartha Tionscal i réimse na Cosanta], chomh maith leis an Réamhbheart maidir le Taighde Cosanta, a leanfaidh d'fheidhm a bheith acu maidir leis na bearta lena mbaineann go dtí go gcuirfear clabhsúr orthu.
2. Ina theannta sin, féadfaidh imchlúdach airgeadais an Chiste na speansais theicniúla agus riaracháin is gá a chumhdach chun an t-aistriú idir an Ciste agus na bearta a glacadh faoi

réamhtheachtaithe an Chiste, an [Rialachán maidir leis an gClár Eorpach Forbartha Tionscal i réimse na Cosanta] chomh maith leis an Réamhbheart maidir le Taighde Cosanta, a áirithiú.

3. Más gá, féadfar leithreasuithe a iontráil sa bhuiséad tar éis 2027 chun na speansais dá bhforáiltear in Airteagal 4 mír 4 a chumhdach, ionas go mbeifear in ann na bearta nach mbeidh curtha i gcrích faoin 31 Nollaig 2027 a bhainistiú.

Airteagal 39
Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2021.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán

RÁITEAS AIRGEADAIS REACTACH

1 LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

- 1.1. Teideal an togra/tionscnaimh
- 1.2. Réimsí beartais lena mbaineann (*cnuasach an Chláir*)
- 1.3. An cineál togra/tionscnaimh
- 1.4. Forais an togra/tionscnaimh
- 1.5. Fad agus tionchar airgeadais
- 1.6. Modhanna bainistíochta atá beartaithe

2 BEARTA BAINISTÍOCHTA

- 2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe
- 2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe
- 2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

3 AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

- 3.1. Ceannteideal/ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus an líne/na línte buiséid ar a n-imreofar tionchar
- 3.2. An tionchar a mheastar a bheidh ar chaiteachas
 - 3.2.1. *Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ar chaiteachas*
 - 3.2.2. *An tionchar a mheastar a bheidh ar leithreasuithe de chineál riaracháin*
 - 3.2.3. *Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe*
- 3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

RÁITEAS AIRGEADAIS REACTACH

1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

Togra maidir le Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Ciste Eorpach Cosanta don tréimhse 2021-2027

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann (*cnuasach an Chláir*)

Slándáil agus Cosaint

1.3. Baineann an togra/tionscnaimh le:

☐ beart nua

☒ beart nua a leanann treoirthionscadal/réamhbheart²³ le haghaidh an cholúin don taighde feidhmeach cosanta den Chiste Eorpach Cosanta

☒ síneadh ar bheart atá ann cheana maidir le forbairt an cholúin d'acmhainní cosanta den Chiste Eorpach Cosanta

☐ beart nó bearta a chumasc nó a atreorú i dtreo beart eile/beart nua

1.4. Forais an togra/tionscnaimh

1.4.1. *Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh*

Tá an togra reactach lena mbunaítear an Ciste Eorpach Cosanta bunaithe ar Airteagal 173 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) (tionscal) agus Airteagal 182 de CFAE (taighde). Is é cuspóir ginearálta an Chiste iomaíochas thionscal na cosanta a fheabhsú.

Leis an rialachán maidir leis an gCiste Eorpach Cosanta, cuirfear ar chumas an Choimisiúin clár cistiúcháin a bhunú, a chuirfear chun feidhme go príomha trí dheontais arna ndámhachtain tar éis glao bliantúil ar thograí agus de réir cláir oibre arna nglacadh trí nós imeachta coiste.

Ní mór tacar iomlán nósanna imeachta (a bhaineann le hairgeadas, dlí, TF; próiseáil faisnéise íogaire), doiciméad agus foirmeacha a ullmhú, bunaithe ar an taithí a fuarthas le linn chur chun feidhme an Réamhbhírt maidir le Taighde Cosanta (2016-2018) agus an Chláir Eorpaigh Forbartha Tionscal i réimse na Cosanta (2019-2020).

1.4.2. *Breisluch a bhaineann le rannpháirteachas AE (d'fhéadfadh an breisluch a bheith mar thoradh ar fhachtóirí éagsúla, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, éifeachtacht mhéadaithe nó comhlántachtaí). Chun críocha an phointe seo, is é a chiallaíonn "breisluch a bhaineann le rannpháirteachas AE"*

²³ Mar a thagraítear dó in Airteagal 58(2)(a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

an luach a bhíonn mar thoradh ar idirghabháil an Aontais atá sa bhreis ar an luach a bheadh ann murach sin ag na Ballstáit dá mbeidís ag feidhmiú leo féin.

Cúiseanna le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais (*ex ante*)

Faoi láthair, déantar na tionscadail taighde agus forbartha cosanta a bhainistiú ar an leibhéal náisiúnta amháin nach mór agus is iad na céimeanna taighde agus forbartha na céimeanna is mó riosca. Tá ganntanas acmhainní buiséid náisiúnta ann agus, dá bharr sin, ní mhaoinítear na céimeanna sin i dtromlach na mBallstát, rud a fhágann go mbítear ag brath ar tháirgí atá ar fáil cheana agus ar a soláthraithe.

Tá earnáil chosanta na hEorpa buailte ag leibhéal íseal infheistíochta agus saintréith na hearnála is ea ilroinnt ar feadh teorainneacha náisiúnta, rud as a n-eascraíonn dúbailt mharthanach. Ina theannta sin, léiríonn spléachadh ar thionscail na cosanta san Aontas go bhfuil méadú ag teacht ar na heasnamh, go bhfuil na teicneolaíochtaí ag dul in aois agus go bhfuil easpa clár nua ann, go háirithe cláir chomhoibriúchá. Le comhar trasteorann, féadfar cabhrú le héifeachtaí scála níos fearr a bhaint amach trí dhúbailt a laghdú agus trí fhorbairt na dtáirgí agus na dteicneolaíochtaí atá ag teastáil a éascú.

Anuas air sin, de cheal comhordú agus comhleanúnachas idir na Ballstáit, tá míbhuntáiste iomaíoch ag tionscal cosanta na hEorpa i gcomparáid lena chontrapháirteanna idirnáisiúnta agus leanfar de sin a fhad a bheidh mórchostas i gceist leis don bhuiséad náisiúnta agus is bac suntasach é sin ar chur chun feidhme an Chomhbheartais Slándála agus Cosanta (CBSC).

An breisluach ar leibhéal an Aontais a mheastar a ghinfear (*ex post*)

Le beart ar leibhéal an Aontais, soláthrófar breisluach trí chomhar cosanta tionsclaíoch a spreagadh a thuilleadh le dreasachtaí dearfacha le haghaidh nuálaíochta, lena n-áirítear i dteicneolaíochtaí le héifeachtaí suaiteacha, le haghaidh tionscadal maidir le taighde feidhmeach cosanta agus le haghaidh forbairt táirgí agus teicneolaíochtaí cosanta nach féidir a dhéanamh ar an leibhéal náisiúnta i bhfianaise na gcostas agus na rioscaí gaolmhara.

Le tacaíocht an Aontais Eorpaigh, cuirfear ar chumas an tionscail cosanta an cistiú riachtanach a leithdháileadh ar thionscadail ar minic iad a bheith thar acmhainn aon tíre amháin: de bharr chineál agus chostais na dtionscadal sin tá gá le comhar trasnáisiúnta.

A bhuí leis na sonraíochtaí comhchoiteanna teicniúla a cheanglófar go dlíthiúil leis an rialachán, spreagfar na Ballstáit agus a dtionscal cosanta i dtreo caighdeáin chomhchoiteanna, as a dtiocfaidh comhar níos fearr agus níos éifeachtaí.

1.4.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí chosúil eile san am a chuaigh thart

An Treoirthionscadal agus an Réamhbheart maidir le Cosaint le haghaidh an cholúin don taighde feidhmeach cosanta agus an Clár Eorpach Forbartha Tionscal i réimse na Cosanta le haghaidh fhorbairt an cholúin acmhainní, is cláir iad sin atá cosúil leis na bearta atá beartaithe: úsáidtear an taithí a fhaightear ó na cláir sin, go háirithe ón modh rialachais, chun bainistiú agus sásra leantach an Chiste Eorpaigh Cosanta a shainmhíniú.

1.4.4. Comhoiriúnacht d'ionstraimí iomchuí eile agus sineirgíocht a d'fhéadfadh a bheith ann

Déanfar sineirgíochtaí a lorg le cláir thaighde agus nuálaíochta eile arna gcur chun feidhme ag stiúrtóireachtaí eile an Choimisiúin Eorpaigh:

- na tionscadail atá le maoiniú ag an gCiste Eorpach Cosanta, féadfaidh sé go mbainfidh siad leas as torthaí tionscadal taighde shibhialtaigh nó dhé-úsáide arna maoiniú faoi Fís Eorpach, mar shampla laistigh de réimsí an iompair d'aer agus d'uisce.

- meastar go mbeidh tionchar cómhalartach ann freisin ina bhféadfaidh sé go mbainfidh tionscadail arna maoiniú faoi Fís Eorpach leas as torthaí tionscadal a fhaigheann tacaíocht ón gCiste Eorpach Cosanta: léirítear sin sa taithí ón nGníomhaireacht um Thionscadail Ardtaighde Cosanta (DARPA) sna Stáit Aontaithe a thaispeánann go dtéann torthaí tionscadal cosanta chun tairbhe don earnáil shibhialtach. Leis an gCiste Eorpach Cosanta, féadfaidh sé go n-imreofar tionchar ar réimsí an iompair, na cumarsáide agus an fhuinnimh, agus ar réimsí eile.

Tá sé tábhachtach a áirithiú go ndéanfar comhordú éifeachtach ar chláir thaighde agus forbartha agus ar chláir nuálaíochta chun sineirgíochtaí, an toradh ar infheistíocht agus an comhordú a uasmhéadú ar mhaithe le comhar éifeachtach.

Fad agus tionchar airgeadais

☒ fad teoranta

☒ i bhfeidhm ón 01/01/2021 go dtí an 31/12/2027

☒ Tionchar airgeadais ó 01/01/2021 go 31/12/2027 do leithreasuithe faoi chomhair gealltanais agus ó 01/01/2021 go 31/12/2033 do leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

☐ tréimhse neamhtheoranta

Cuirfear chun feidhme é le linn na tréimhse tosaigh BBBB go BBBB, agus cuirfear ag feidhmiú go hiomlán ina dhiaidh sin é.

Modh/modhanna bainistíochta atá beartaithe²⁴

☒ Bainistíocht dhíreach dhíreach a dhéanann an Coimisiún

☒ ina ranna, lena n-áirítear an chuid sin den fhoireann atá i dtoscaireachtaí an Aontais;

☒ trí na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin

☐ Bainistíocht atá comhroinnte leis na Ballstáit

☐ **Bainistíocht indíreach** trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

☐ tríú tíortha neamhchomhlachaithe nó na comhlachtaí a d'ainmnigh siad;

☐ eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (tabhair sonraí);

☐ BEI agus an Ciste Eorpach Infheistíochta;

☐ comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 70 agus Airteagal 71 den Rialachán Airgeadais;

☐ comhlachtaí dlí poiblí;

☐ comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu sa mhéid a chuireann siad ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais ar fáil;

☐ comhlachtaí arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit, a gcuirtear cúram orthu comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí a chur chun feidhme, agus a sholáthraíonn ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais;

☐ daoine a gcuirtear cúram orthu bearta sonracha a chur chun feidhme in CBES de bhun Theideal V de CAE, ar daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha.

Nótaí

²⁴

Is féidir mionsonraí ar na modhanna bainistíochta agus tagairtí don Rialachán Airgeadais a fheiceáil ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht an Bhuiséid:

<https://myintracomm.ec.europa.eu/budgweb/EN/man/budgmanag/Pages/budgmanag.aspx>

Is tríd an mbainistíocht dhíreach a chuirfear an Ciste chun feidhme i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais.

Ag brath ar an toradh a bheidh ar anailís costais is sochair amach anseo, d'fhéadfaí an chuid is mó de chur chun feidhme an bhuiséid a tharmligean chuig gníomhaireacht feidhmiúcháin²⁵.

2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

Sonraigh minicíocht na mbeart agus na coinníollacha atá leo.

I gcomhréir le hAirteagal 29 den rialachán atá beartaithe lena mbunaítear an Ciste Eorpach Cosanta don tréimhse 2021-2027, déanfaidh an Choimisiún faireachán rialta ar chur chun feidhme an chláir agus cuirfidh sé tuarascáil bhliantúil isteach maidir leis an dul chun cinn a dhéanfar trí na gníomhaíochtaí airgeadais a scrúdú agus na torthaí a gheofar a mheasúnú.

Ba cheart go gcuirfeadh na sonraí a bhaileofar ar chumas an Choimisiúin tuairisc a thabhairt maidir leis an dul chun cinn a bheidh déanta i gcomhréir le hAirteagal [38(3)(e) de Rialachán 966/2012] agus faoi threoir na gcuspóirí sonracha dá dtagraítear in Airteagal 3.2 den dréachtrialachán.

2.2. Córais bhainistíochta agus rialaithe

2.2.1. *An bonn cirt atá leis na modhanna bainistíochta, na sásraí cur chun feidhme cistiúcháin, na módúlachtaí íocaíochta agus an straitéis rialaithe atá beartaithe*

Modhanna bainistíochta: Tá sé ar intinn an Choimisiúin an Ciste Eorpach Cosanta a chur chun feidhme faoi bhainistíocht dhíreach (lena n-áirítear trí ghníomhaireachtaí feidhmiúcháin mar an rogha thosaíochta).

Trí mhodh bainistíochta díri a úsáid don mhórchuid i leith an bhuiséid atá tiomnaithe don Chiste Eorpach Cosanta, soiléirítear na freagrachtaí (cur chun feidhme ag oifigigh údarúcháin), giorraítear an slabhra seachadta (laghdú ar an am chun deontas a thabhairt agus ar an am chun íocaíocht a dhéanamh) agus laghdaítear na costais chur chun feidhme (níl táillí bainistíochta ann).

Sásraí cur chun feidhme maoinithe: Is é deontas a bheidh mar phríomhionstraim an Chiste Eorpaigh Cosanta, lena n-áirítear tacaíocht do sholáthar réamhthráchtála arna seoladh ag na Ballstáit. Féadfar duaiseanna a úsáid le haghaidh nuálaíocht shuaiteach.

- Deontais: Ní thugtar maoiniú leordhóthanach don chosaint nó ní thugtar aon mhaoiniú di i dtromlach na mBallstát agus is beag deis a bhíonn ag an tionscal infheistíochtaí taighde agus forbartha a ghnóthú (margadh náisiúnta le ceannaitheoir uathúil, laghdú ar an mbuiséad cosanta náisiúnta, féidearthachtaí contúirteacha

²⁵ D'fhéadfaí (cuid den chlár) an clár a tharmligean chuig gníomhaireacht feidhmiúcháin, faoi réir thoradh na hanailíse costais/sochair agus na gcinntí lena mbaineann atá le déanamh. Déanfar na leithreasuithe riaracháin lena mbaineann maidir le cur chun feidhme an Chláir sa Choimisiún agus sa ghníomhaireacht feidhmiúcháin a oiriúnú dá réir.

onnmhairithe). Ní mór dreasachtaí le haghaidh taighde cosanta Aontais a sholáthar trí bhíthin deontais lena gcumhdaítear 100 % de na costais incháilithe. Beidh feidhm ag an loighic chéanna, mar riail, maidir le bearta comhoibríocha (staidéir, deimhniúchán coiteann...) agus tacaíocht do sholáthar réamhthráchtála na mBallstát, cé is moite de bhearta fréamhshamhaltaithe ina mbeidh an ráta cómhaoinithe níos ísle (cur chuige lena gcuirtear leis an gcómhainiú ó 20 % go 50 %).

- Féadfar duaiseanna a úsáid chun nuálaíocht shuaiteach a spreagadh ó pháirtithe leasmhara éagsúla (ollscoileanna, FBManna, lárionaid taighde...) chun teicneolaíochtaí nua a bhrath nó teicneolaíochtaí atá ann cheana, agus a d'fhéadfadh riachtanas cosanta a chomhlíonadh, a thabhairt le chéile. Sa chás sin, tá sé deacair costais a mheas agus dealraíonn sé gur uirlis eacnamaíoch é an duais i gcomparáid le deontais (is é an buaiteoir amháin a mbíonn an chreach leis).

Módúlachtaí íocaíochta: I gcás inar féidir, cinnfear an úsáidfear deontais bunaithe ar aschur, lena n-áirítear cnapshuimeanna aonair, chun costais chur chun feidhme an Chiste Eorpaigh Cosanta a laghdú:

- socrófar na torthaí lena bhfuiltear ag súil agus na gnéithe insoláthartha a ghabhann leo (doiciméid) sna comhaontuithe deontais chun tús a chur leis na híocaíochtaí agus chun go n-imréiteofar an réamh-mhainiú;

- beidh gnóthú sásúil na dtorthaí lena bhfuiltear ag súil ag brath ar shaineolas tríú páirtithe arna roghnú ag an gCoimisiún ar bhonn an eolais theicniúil atá acu. Déanfar íocaíocht ansin ar bhonn tuarascáil mheasúnachta.

Straitéis Rialaithe

I gcás inar féidir i mbearta arna gcur chun feidhme faoi bhainistíocht dhíreach, úsáidfídh an Coimisiún ionstraimí (soláthar, deontais, duaiseanna) lena meastar na costais incháilithe *ex ante* agus lena n-aisíoctar/íoctar iad ar bhonn na ngnéithe insoláthartha (tuarascálacha) lena léirítear go bhfuil na torthaí lena raibh siad ag súil agus a shainmhínítear sa chomhaontú deontais (iarscríbhinní teicniúla) comhlíonta. Trí dhul i muinín cnapshuimeanna agus costais aonaid arna gcomhaontú *ex ante*, coinneofar an ráta earráide faoi bhun 2 %.

I gcás inar gá, déanfaidh saineolaithe neamhspleácha arna n-earcú ag an gCoimisiún measúnú ar mheasúnú cáilíochtúil na ngnéithe insoláthartha nó, i gcásanna sonracha (fréamhshamhlacha), is bainisteoir tionscadail arna roghnú in éineacht leis na Ballstáit (cuíchóiriú leasanna) a dhéanfaidh an measúnú.

2.2.2. Faisnéis maidir leis na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánaigh a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú

Is iad seo a leanas na rioscaí a aithníodh maidir le cur chun feidhme an Chiste Eorpaigh Cosanta:

Riosca Tráthchláir: Saincheist sceidealaithe, moilleanna ar chur chun feidhme.

Le cur chun feidhme faoi bhainistíocht dhíreach, ba cheart go laghdófar an riosca seo mar le cur chun feidhme ag Oifigigh Údarúcháin (lena n-áirítear Gníomhaireachtaí Feidhmiúcháin) giorraítear an t-am chun deontas a thabhairt agus an t-am chun íocaíocht a dhéanamh i gcomparáid le cur chun feidhme ag údarás tarmligthe, trí na céimeanna seo a leanas a sheachaint:

- Comhaontú Tarmligin a idirbheartú, a ullmhú agus a shíniú,

- Conarthaí um Aistriú Cistí bliantúla a shíniú sula gcuirtear an gealltanas agus leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí ar fáil don údarás tarmligthe,
- bainistíocht airgeadais ar Chonarthaí um Aistriú Cistí gaolmhara.

Riosca rialachais agus riosca neamhleithreasaithe:

- Easpa comhair idir na Ballstáit le linn an phróisis coiste.

Ba cheart go gcuirfear srian leis an riosca tríd an gcleachtas a tháinig chun cinn faoin réamhbheart agus faoin gClár Eorpach Forbartha Tionscal i réimse na Cosanta ina mbíonn na Ballstáit rannpháirteach ar bhealach idirghníomhach ó chéim ullmhúcháin na gclár oibre ar aghaidh.

- Easpa tarraingteachta an Chiste Eorpaigh Cosanta i gcomparáid leis an tionscal náisiúnta, go háirithe mar gheall ar fhaisnéis íogair a bheith á láimhseáil go míchuí ag an gCoimisiún nó rómhaorlathas iomarcach a bhaineann le módúlachtaí cur chun feidhme.

Bunófar líonra/córas sonrach chun faisnéis íogair a mhalartú agus, i gcás inar gá, cuirfear rialacha trédhearcachta ar fionraí ar chúiseanna a bhfuil údar cuí leo (faisnéis rúnaicmithe, cosaint sonraí pearsanta, rún tionsclaíoch). I bpróiseas meastóireachta na n-iarratas ar dheontas, cuirfidh an Coimisiún muinín i saineolaithe neamhspleácha ag a mbeidh an t-imréiteach slándála iomchuí arna seoladh ag Ballstát. Áiríteoidh an Coimisiún go ndéanfar uainíocht leordhóthanach i leith na saineolaithe sin.

I gcás inar féidir, cuirfidh an Coimisiún muinín i ngnáthchleachtais chuntasaíochta na bpáirtithe leasmhara trí chostais aonaid.

Riosca airgeadais:

- Costais bhainistíochta arda, go háirithe i dtaca le costais rialaithe;
- ionsú buiséid íseal (moilleanna, easpa tarraingteachta nó droch-shainmhíniú ar choinníollacha incháilitheachta);
- ráta earráide ard mar gheall ar chostais neamh-incháilithe agus an drochthuiscint atá ag tairbhithe nó údarais tarmligthe ar rialacha airgeadais an Aontais.

Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún go gcuirfidh Oifigigh Údarúcháin (lena n-áirítear Gníomhaireachtaí Feidhmiúcháin) an Ciste chun feidhme le foirne oile ina bhfuil go leor ball. Leis sin, áirithítear go mbeidh eolas maith ag foireann feidhmiúcháin an Chiste Eorpaigh Cosanta ar rialacha airgeadais agus conarthacha. Eagrófar ceardlanna chun a áirithiú go mbeidh tuiscint mhaith ag tairbhithe ar a n-oibleagáidí tuairiscithe agus ar na rialacha airgeadais is infheidhme.

Ina theannta sin, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún go mbeidh rialacha simplithe airgeadais ann le hionstraimí bunaithe ar aschur (eg. cnapshuimeanna aonair chun cur le cistiú (fréamhshamhlacha)), ráta comhréidh ard le haghaidh costais indíreacha (+/- 25 %). Cuirfear isteach aschuir ionchasacha shoiléire réasúnta, a bheidh mar bhonn chun íocaíochtaí a dhéanamh, sna comhaontuithe deontais.

Leis sin ba cheart go gcuirfí srian leis na rialuithe *ex post* ar ionchuir (sonraisc, bileoga ama) agus go ndíreofaí iad ar aschuir (taispeántóir, fréamhshamhail, tuarascáil deimhniúcháin...), rud lena laghdófar costas na rialuithe agus an ráta earráide.

Rioscaí teicniúla: Deacrachtaí a bhaineann le tionscadail forbartha áirithe (eitic, cearta maoine intleachtúla); saincheistanna teicniúla; leibhéal feidhmíochta íseal maidir le torthaí taighde agus forbartha.

Socrófar rialacha soiléire maidir le cearta maoine intleachtúla sna samhlacha de chomhaontuithe deontais le haghaidh taighde agus forbartha. Scagfaidh Coiste Eitice (saineolaithe seachtracha) gach iarratas ar dheontas roimh an gcéim roghnúcháin, chun a áirithiú go bhfuil na gníomhaíochtaí ar fad i gcomhréir le coinbhinsiúin idirnáisiúnta. Cé go mbeidh roghnú na dtionscadal forbartha bunaithe ar a réasúnaí atá na féidearthachtaí táirgthe (cómhaoiniú riachtanach de chuid na mBallstát), is gnéithe bunúsacha de ghníomhaíochtaí taighde iad drochthorthaí nó easpa torthaí agus ba cheart glacadh leis an gceart chun teipe i gcás na ngníomhaíochtaí sin.

Riosca do chlú: Deacrachtaí ionchasacha le roinnt eagraíochtaí neamhrialtasacha a chuireann i gcoinne an bhunús leis an gCiste Eorpach Cosanta agus a chuirfidh in éadan a chur chun feidhme ag gach leibhéal.

Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún go mbeidh gníomhaíochtaí cumarsáide spriocdhírthe ann – lena n-áirítear dul i muinín seirbhísí cumarsáide le haghaidh géarchéimeanna – chun údar a thabhairt le bunú agus feidhmiú an Chiste Eorpaigh Cosanta ar leibhéal an Aontais.

- 2.2.3. *Meastachán ar chost-éifeachtúlacht na rialuithe agus an bonn cirt atá leis sin (cóimheas “costais rialaithe ÷ luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú”), agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a bhfuiltear ag súil leis (ar an íocaíocht a dhéanamh agus ar an gclabhsúr)*

Beidh príomhbhuiséad an chláir faoi bhainistíocht dhíreach. Bunaithe ar thaithí an Choimisiúin ar bhainistiú deontais, meastar gur 0.1 % de na cistí gaolmhara arna mbainistiú a bheidh i gcostais fhoriomlána rialaithe an Chiste don Choimisiún.

Maidir leis an ráta/na rátaí earráide a mheastar a bheidh ann, is é an aidhm an ráta earráide a choinneáil faoi bhun na tairsí 2 %. Tríd an gclár a chur chun feidhme faoi bhainistíocht dhíreach, agus trí fhoirne oilte a bheith ann ina bhfuil go leor ball (ar baill iad a bhfuil taithí acu agus arbh fhéidir gur earcaíodh iad mar shaineolaithe náisiúnta ar iasacht) agus a ghníomhaíonn faoi oifigigh údarúcháin tharmhligthe, a chuireann rialacha soiléire i bhfeidhm agus a bhaineann úsáid iomchuí as ionstraimí bunaithe ar aschur, measann an Coimisiún go gcoinneofar an ráta earráide faoi bhun na tairsí ábharthachta 2 %.

2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

Sonraigh na bearta coisctheacha agus cosanta atá ann cheana nó atá beartaithe, e.g. ón Straitéis Frithchalaoise.

Tá an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) inniúil chun imscrúduithe a dhéanamh ar oibríochtaí a fhaigheann tacaíocht faoin tionscnamh seo.

Déanfar foráil leis na comhaontuithe a thiocfaidh as an Rialachán seo, lena n-áirítear comhaontuithe a chuirtear i gcrích le heintitis de chuid tríú tíortha neamhchomhlachaithe agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta, maidir le maoirseacht agus rialú airgeadais ag an gCoimisiún, nó ag aon ionadaí a údaróidh sé, agus maidir le hiniúchtaí ag an gCúirt Iniúchóirí nó OLAF, ar an láthair más gá. Is iad oifigigh an Choimisiúin a bhfuil an t-imréiteach slándála is gá faighte acu a thabharfaidh cuairteanna ar an láthair.

Ar deireadh, le grinnschrúdú na mBallstát ar liosta na dtionscadal roghnaithe, chomh maith le rannpháirtíocht roinnt Ballstát mar chómhaoinitheoirí na dtionscadal is mó, cuirfear srian leis an riosca calaoise i dtaca le leasanna cáiníocóirí (cuíchóiriú leasanna idir deontóirí). Trí dhíriú ar thorthaí le hionstraimí bunaithe ar aschur, cuirfear srian le neamhrialtachtaí.

3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid nua atá beartaithe

Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil	Líne bhuiséid	Saghas caiteachais	Ranníocaíocht			
	Uimhir 5 - Slándáil agus Cosaint	LD/LN ²⁶ .	ó thíortha de chuid CSTE ²⁷	ó thíortha is iarrthóirí ²⁸	ó thríú tíortha neamhcho mhlachait he	de réir bhrí Airteagal [21(2)(b)] den Rialachán Airgeadais
	13.02.01 - Forbairt cumais	LD	TÁ	NÍL	NÍL	NÍL
	13.02.02 - Taighde cosanta	LD	TÁ	NÍL	NÍL	NÍL
	13.01.01 - Tacaíocht riaracháin	LN	TÁ	NÍL	NÍL	NÍL

²⁶ LD = Leithreasuithe difreáilte / LN = Leithreasuithe neamhdhifreáilte.

²⁷ CSTA: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.

²⁸ Tíortha is iarrthóirí agus, i gcás inarb infheidhme, tíortha ó na Balcáin Thiar a d'fhéadfadh bheith ina n-iarrthóirí.

3.2. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas

3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ar chaiteachas

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil ilbhliantúil:	5	Slándáil agus Cosaint
--	----------	-----------------------

			2021	2022	2023	2024	2025	2026	2027	Tar éis 2027	IOMLÁN
13.02.01 - Forbairt cumais	Gealltanais	(1)	996.515	995.939	995.357	1,095.012	1,294.543	1,494.266	1,993.374		8,865.006
	Íocaíochtaí	(2)	252.448	446.251	583.628	810.579	981.440	1,214.568	1,409.358	3,166.735	8,865.006
13.02.02 - Taighde cosanta	Gealltanais	(1)	498.257	497.970	497.679	497.733	597.482	697.324	797.349		4,083.794
	Íocaíochtaí	(2)	123.978	262.396	324.408	389.666	463.085	537.022	613.865	1,369.373	4,083.794
13.01.01 - Tacaíocht riaracháin ²⁹	Gealltanais = Íocaíochtaí	(3)	5.228	6.091	6.964	7.255	7.975	8.410	9.277		51.200
IOMLÁN leithreasuithe d'imchlúdach an chláir	Gealltanais	=1 +3	1,500.000	1,500.000	1,500.000	1,600.000	1,900.000	2,200.000	2,800.000		13,000.000
	Íocaíochtaí	=2+3	381.654	714.738	915.000	1,207.500	1,452.500	1,760.000	2,032.500	4,536.108	13,000.000

²⁹ Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó bearta de chuid AE (seanlínte "BA") a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach.

Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil	7	"Caiteachas riaracháin"
--	----------	-------------------------

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

		2021	2022	2023	2024	2025	2026	2027	<i>Tar éis 2027</i>	IOMLÁN
Acmhainní daonna		5.768	6.631	7.711	8.002	8.722	9.156	10.024		56.014
Caiteachas riaracháin eile		0.390	0.398	0.406	0.414	0.422	0.431	0.439		2.900
IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil	(Iomlán gealltanais = Iomlán íocaíochtaí)	6.158	7.029	8.117	8.416	9.144	9.587	10.463		58.914

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

		2021	2022	2023	2024	2025	2026	2027	<i>Tar éis 2027</i>	IOMLÁN
IOMLÁN leithreasuithe ar fud na gCEANNTIDEAL den chreat airgeadais ilbhliantúil	Gealltanais	1,506.158	1,507.029	1,508.117	1,608.416	1,909.144	2,209.587	2,810.463		13,058.914
	Íocaíochtaí	387.812	721.767	923.117	1,215.916	1,461.644	1,769.587	2,042.963	4,536.108	13,058.914

3.2.2. *Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar leithreasuithe de chineál riaracháin*

☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin

☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin mar a mhínítear thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Blianta	2021	2022	2023	2024	2025	2026	2027	IOMLÁN
---------	------	------	------	------	------	------	------	--------

CEANNTÉIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil								
Acmhainní daonna	5.768	6.631	7.711	8.002	8.722	9.156	10.024	56.014
Caiteachas riaracháin eile	0.390	0.398	0.406	0.414	0.422	0.431	0.439	2.900
Fo-iomlán CHEANNTÉIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil	6.158	7.029	8.117	8.416	9.144	9.587	10.463	58.914

lasmuigh de CHEANNTÉIDEAL 7³⁰ den chreat airgeadais ilbhliantúil								
Acmhainní daonna								
Caiteachas eile de chineál riaracháin	5.228	6.091	6.964	7.255	7.975	8.410	9.277	51.200
Fo-iomlán Lasmuigh de CHEANNTÉIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil	5.228	6.091	6.964	7.255	7.975	8.410	9.277	51.200

IOMLÁN	11.386	13.120	15.081	15.671	17.119	17.997	19.740	110.114
---------------	---------------	---------------	---------------	---------------	---------------	---------------	---------------	----------------

Cumhdófar na hacmhainní daonna is gá agus caiteachas eile de chineál riaracháin le leithreasuithe ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó atá ath-implonaithe laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfai a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

³⁰ Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó bearta de chuid AE (seanlínte “BA”) a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach.

3.2.2.1. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach

☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna.

☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna mar a mhínítear thíos:

Sloinnfear an meastachán in aonaid de choibhéis lánaimseartha

Blianta	2021	2022	2023	2024	2025	2026	2027
• Poist don phlean bunaíochta (oifigigh agus foireann shealadach)							
Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin	30	35	41	42	46	48	52
Toscaireachtaí							
Taighde							
• Foireann sheachtrach (i gcoibhéis lánaimseartha: FTE) - AC, LA, SNE, INT agus JPD ³¹							
Ceannteideal 7							
Arna maoiniú as CEANNTIDEA L 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil	- sa Cheanncheathrú	19	21	24	26	28	34
	- i dToscaireachtaí						
Arna maoiniú as imchlúdach an chláir ³²	- sa cheanncheathrú						
	- toscaireachtaí						
Taighde							
Eile (sonraigh)							
IOMLÁN	49	56	65	68	74	78	86

Soláthrófar na hacmhainní daonna is gá le baill foirne ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó a ath-imlonnófar laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha. Sa tábla thuas meastar, do thréimhse an chéad chreata airgeadais ilbhliantúil eile, an choibhéis lánaimseartha is gá:

Cur síos ar na cúraimí a bheidh le déanamh:

Oifigigh agus pearsanra sealadach	Cúraimí beartais agus bainistiú foirne le haghaidh chur chun feidhme an chláir deontais
Foireann sheachtrach	Cur chun feidhme na scéimeanna cistiúcháin deontais

³¹ CA = Ball foirne ar conradh; LA= Ball foirne áitiúil; SNE= Saineolaí náisiúnta ar iasacht; INT= Ball foirne gníomhaireachta; JPD = Gairmí Sóisearach i dToscaireacht.

³² Fo-uasteorainn d'fhoireann sheachtrach arna cumhdach ag leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (na seanlínte "BA").

Ranniocaíochtaí ó thríú páirtithe

Leis an togra/tionscnamh seo:

☐ ní dhéantar foráil maidir le cómhaoiniú le tríú páirtithe

☒ déantar foráil maidir leis an gcómhaoiniú le tríú páirtithe atá réamh-mheasta thíos:

Leithreasuithe in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Blianta	2021	2022	2023	2024	2025	2026	2027	IOMLÁN
Sonraigh an comhlacht cómhaoinithe	iontráil mheabhráin	iontráil mheabhráin	iontráil mheabhráin	iontráil mheabhráin	iontráil mheabhráin	iontráil mheabhráin	iontráil mheabhráin	iontráil mheabhráin
IOMLÁN leithreasuithe cómhaoinithe	iontráil mheabhráin	iontráil mheabhráin	iontráil mheabhráin	iontráil mheabhráin	iontráil mheabhráin	iontráil mheabhráin	iontráil mheabhráin	iontráil mheabhráin

An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

☐ Ní bheidh tionchar airgeadais ar bith ag an togra ar ioncam.

☒ Beidh an tionchar airgeadais seo a leanas ag an togra/tionscnamh:

☐ ar acmhainní dílse

☐ ar ioncam eile

má tá an t-ioncam sannta do línte caiteachais, sonraigh sin ☐

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Líne buiséid ioncaim:	Tionchar an togra/tionscnaimh ³³						
	2021	2022	2023	2024	2025	2026	2027
Airteagal	iontráil mheabhráin	iontráil mheabhráin	iontráil mheabhráin	iontráil mheabhráin	iontráil mheabhráin	iontráil mheabhráin	iontráil mheabhráin

I gcás ioncam atá sannta, sonraigh na línte buiséid a n-imrítear tionchar orthu.

-

Aon rud eile (e.g. an modh nó an fhoirmle a úsáideadh chun an tionchar ar ioncam a ríomh nó aon fhaisnéis eile).

³³

Maidir le hacmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna talmhaíochta, tobhaigh siúcra), ní mór na méideanna a luaitear a bheith ina nglanmhéideanna, i.e. méideanna comhlána agus 20 % de na costais bhailiúcháin a bheith bainte astu.

-